C/2026/2595

8.5.2026

NÓTA FAISNÉISE

Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú ([1]): Faisnéis faoi bhearta a ghlac na Ballstáit

(C/2026/2595)

Leagtar amach in Airteagail 6(5), 7(4), 8(6), 9(4), 11(5), 12 (6), 22(2) agus 23(1) de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán' anseo thíos) gur cheart bearta a dhéanann na Ballstáit agus an Rialachán á chur chun feidhme acu a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thairis sin, chinn an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis bhreise faoi bhearta arna bhforchur ag na Ballstáit faoi Airteagal 4 agus Airteagal 5(3) a fhoilsiú freisin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag onnmhaireoirí ar fhaisnéis chuimsitheach faoi na rialuithe is infheidhme ar fud an Aontais.

1. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 4(3) DEN RIALACHÁN (CEANGLAS ÚDARÚCHÁIN MAIDIR LE hONNMHAIRIÚ ÍTIMÍ DÉ-ÚSÁIDE NACH LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I)**

Féadfaidh Ballstát, agus Airteagal 4(3) den Rialachán á chur i bhfeidhm aige, cur i bhfeidhm Airteagal 4(1) a leathnú chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a chumhdach, i gcás ina mbeidh forais amhrais ag an onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

Le hAirteagal 4(4) den Rialachán, maidir leis na Ballstáit a fhorchuireann ceanglas údarúcháin, de bhun Airteagal 4(3), i leith onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I, ceanglaítear orthu na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis sin, i gcás inarb iomchuí. Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit agus ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Leagtar amach go díreach ina dhiaidh sin na bearta mionsonraithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith.

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 4(3)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	TÁ
AN DANMHAIRG	TÁ
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL

([1]) IO L 206, 11.6.2021, lch. 1.

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 4(3)?
AN LAITVIA	TÁ
AN LIOTUÁIN	TÁ
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	NÍL
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	TÁ
AN tSLÓIVÉIN	TÁ
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

1.1. **An Bheilg**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth, i Réigiún Fhlóndras agus i Réigiún na Vallúine, chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 3, §1, 1°, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026); Airteagal 4 d'Fhoraithne Rialtas na Vallúine an 6 Feabhra 2014 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochta (Iris Oifigiúil na Beilge an 19.2.2014)).

1.2. **An Bhulgáir**

Beidh údarú onnmhairiúcháin le haghaidh ítimí dé-úsáide de dhíth le haghaidh ítimí dé-úsáide, cé is moite díobh siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 4, 5, 9 nó 10, chuig na cinn scríbe uile nó chuig roinnt cinn scríbe a liostaítear sa Rialachán céanna.

(Airteagal 34, mír 1 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

1.3. **Poblacht na Seice**

Tá údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a onnmhairiú má tá forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Gníomh 594/2004 Coll, arna leasú; Mír 3(4)).

1.4. **An Danmhairg**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 2(6) de Dhlí na Danmhairge maidir le Rialú Onnmhairiúcháin).

1.5. **Éire**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 10, Oibleagáidí an onnmhaireora faoi Airteagail 3, 4, 5, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

1.6. **An Chróit**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 5(2) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

1.7. **An Iodáil**

Tá údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a onnmhairiú má tá forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 9 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 221/2017 an 15 Nollaig 2017, atá i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2018).

1.8. **An Laitvia**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 5(7) agus Airteagal 17(1) den Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí Straitéiseacha an 21 Meitheamh 2007; Pointe 31 de Nósanna Imeachta Rialachán 657 (20.10.2010) chun Ceadúnas d'Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo a Eisiúint, nó Diúltú dá Eisiúint, agus Doiciméid Eile a Bhaineann le Saorchúrsaíocht Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo).

1.9. **An Liotuáin**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí dé-úsáide ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

((Rún Rialtais Uimh. 932 Maidir le Faomhadh na Rialacha Ceadúnúcháin maidir le hOnnmhairiú, Allmhairiú, Idirthuras agus Bróicéireacht Earraí Straitéiseacha agus na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Rialú Earraí Straitéiseacha).

1.10. **Lucsamburg**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 45(1)).

1.11. **An Ungáir**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 7. d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála na n-eachtraí ítimí dé-úsáide').

1.12. **An Ostair**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 5 den Chéad Rialachán maidir le Trádáil Eachtrach 2011 (Erste Außenwirtschaftsverordnung 2011), BGBl. II Uimh. 343/2011, a foilsíodh an 28 Deireadh Fómhair 2011).

1.13. **An Rómáin**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí dé-úsáide ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(airteagal 5(4) de GO 43/2022 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide).

1.14. **An tSlóivéin**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 4(1) den Acht lena Rialaítear Rialú Onnmhairiúcháin Ítimí Dé-Úsáide (Zakon o nadzoru izvoza blaga z dvojno rabo (Uradni list RS, št. 37/04, 8/10 in 29/23).

1.15. **An Fhionlainn**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 5(1) d'Acht Uimh. 500/2024).

1.16. **An tSualainn**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí dé-úsáide, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 4 a den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

2. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 5(3) DEN RIALACHÁN (CEANGLAS ÚDARÚCHÁIN MAIDIR LE hONNMHAIRIÚ ÍTIMÍ CIBEARFHAIREACHAIS NACH LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I)**

Féadfaidh Ballstát, agus Airteagal 5(3) den Rialachán á chur i bhfeidhm aige, reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena bhforchuirtear ceanglas údarúcháin maidir le honnmhairiú ítimí cibearfhaireachais nach liostaítear in Iarscríbhinn I má tá forais amhrais ag an onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, lena n-úsáid i ndáil le brú faoi chois inmheánach agus/nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a dhéanamh.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit agus ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Leagtar amach go díreach ina dhiaidh sin na bearta mionsonraithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith.

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 5(3)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	TÁ
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	NÍL
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	NÍL
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	TÁ
AN tSLÓIVÉIN	TÁ
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	NÍL
AN tSUALAINN	TÁ

2.1 **An Bheilg**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth, i Réigiún Fhlóndras agus i Réigiún na Vallúine chun ítimí dé-úsáide cibearfhaireachais a onnmhairiú i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 3, §1, 2°, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026).

2.2. **An Bhulgáir**

Beidh údarú onnmhairiúcháin le haghaidh ítimí dé-úsáide de dhíth le haghaidh ítimí dé-úsáide, cé is moite díobh siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 4, 5, 9 nó 10, chuig na cinn scríbe uile nó chuig roinnt cinn scríbe a liostaítear sa Rialachán céanna.

(Airteagal 34, mír 1 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

2.3. **An Danmhairg**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 2(8) de Dhlí na Danmhairge maidir le Rialú Onnmhairiúcháin).

2.4. **Éire**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 10, Oibleagáidí an onnmhaireora faoi Airteagail 3, 4, 5, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.)

2.5. **An Chróit**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 5(2) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

2.6. **An Iodáil**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 9 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 221/2017 an 15 Nollaig 2017, atá i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2018).

2.7. **An Rómáin**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 5(4) de GO 43/2022 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide).

2.8. **An Ungáir**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Mír 8. d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála na n-eachtraí ítimí dé-úsáide').

2.9. **An tSlóivéin**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Airteagal 4(2) den Acht lena Rialaítear Rialú Onnmhairiúcháin Ítimí Dé-Úsáide (Zakon o nadzoru izvoza blaga z dvojno rabo (Uradni list RS, št. 37/04, 8/10 in 29/23).

2.10 **An tSualainn**

Beidh údarú onnmhairiúcháin de dhíth le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide neamhliostaithe i gcás ina mbeidh forais amhrais ag onnmhaireoir go bhfuil ítimí cibearfhaireachais, atá beartaithe aige a onnmhairiú, ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán.

(Roinn 4 a den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

3. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 6(3) DEN RIALACHÁN (RIALUITHE BRÓICÉIREACHTA A LEATHNÚ)**

Ceanglaítear le hAirteagal 6(3) i gcomhar le hAirteagal 6(5) den Rialachán ar an gCoimisiún bearta a fhoilsiú, ar bearta iad a dhéanann na Ballstáit chun cur i bhfeidhm Airteagal 6(1) a leathnú chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a chumhdach.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit agus ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Leagtar amach go díreach ina dhiaidh sin na bearta mionsonraithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith.

An Ballstát	An bhfuil cur i bhfeidhm na rialuithe bróicéireachta a leagtar amach in Airteagal 6(1) leathnaithe de bhun Airteagal 6(3)?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	TÁ
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	TÁ
AN SPÁINN	TÁ
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	TÁ
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	NÍL

An Ballstát	An bhfuil cur i bhfeidhm na rialuithe bróicéireachta a leagtar amach in Airteagal 6(1) leathnaithe de bhun Airteagal 6(3)?
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

3.1. **An Bhulgáir**

Beidh údarú le haghaidh seirbhísí bróicéireachta maidir le hítimí dé-úsáide de dhíth le haghaidh na n-ítimí dé-úsáide:

1. a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, i gcás ina mbeidh na hítimí ceaptha nó ina bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh na n-úsáidí a shonraítear in Airteagal 4(1)(a) agus (b) den Rialachán sin;

2. nach gcuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, i gcás ina mbeidh na hítimí ceaptha nó ina bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh na n-úsáidí a shonraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán sin.

(Airteagal 34, mír 5 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

3.2. **Poblacht na Seice**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide i gcás ina gcuirfidh an t-údarás inniúil an bróicéir ar an eolas go bhfuil ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán, nó go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí deiridh míleata dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Mír 3 d'Acht Uimh. 594/2004 Coll. 'Cur i bhFeidhm an Chórais Comhphobail chun Onnmhairiú, Aistriú, Bróicéireacht agus Idirthuras Ítimí Dé-Úsáide a Rialú (arna leasú)).

3.3. **An Eastóin**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide a bhfuil saintréithe earraí straitéiseacha acu ar chúiseanna a n-úsáide deiridh nó a n-úsáideora deiridh, slándála poiblí nó chearta an duine, cé nach bhfuil siad curtha ar liosta na n-earraí straitéiseacha.

(Airteagal 6 (7) den Acht um Earraí Straitéiseacha).

3.4. **Éire**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é go bhfuil na hítimí atá i gceist ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 14, Oibleagáidí an bhróicéara faoi Airteagal 6, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

3.5. **An Ghréig**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí deiridh míleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Mír 3.2.3 de 'Chinneadh Aireachta Uimh. 121837/e3/21837/28-9-2009').

3.6. **An Spáinn**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 2.3.b) d'Fhoraithne Ríoga 679/2014, an 1 Lúnasa 2014 maidir le rialú na trádála seachtraí in ábhar cosanta, ábhar eile agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide).

3.7. **An Chróit**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, i gcás ina gcuirfidh an t-údarás inniúil an bróicéir ar an eolas go bhfuil na hítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 6(2) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

3.8. **An Iodáil**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) nó in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 9 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 221/2017 an 15 Nollaig 2017, atá i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2018).

3.9. **An Laitvia**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) nó in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 5(7) den Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí Straitéiseacha an 21 Meitheamh 2007; Pointe 31 de Nósanna Imeachta Rialachán 657 (20.10.2010) chun Ceadúnas d'Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo a Eisiúint, nó Diúltú dá Eisiúint, agus Doiciméid Eile a Bhaineann le Saorchúrsaíocht Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo).

3.10. **Lucsamburg**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán, agus le haghaidh úsáidí deiridh míleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 42(1)).

3.11. **An Ungáir**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht na n-ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, agus le haghaidh na n-ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, nuair atá na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 17.1. d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

3.12. **An Ísiltír**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán agus le haghaidh ítimí dé-úsáide, nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 4 den Acht um Sheirbhísí Straitéiseacha (Wet Strategische diensten)).

Beidh údarú de dhíth freisin le haghaidh bróicéireacht 37 substaint cheimiceacha i gcás inarb í an Iaráic an ceann scríbe, gan beann ar an gcoinsíní nó úsáideoir deiridh sonrach.

(Foraithne um Earraí Dé-Úsáide chuig an Iaráic – Regeling goederen voor tweeërlei gebruik Irak).

Bheidh údarú de dhíth freisin le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide áirithe a d'fhéadfaí a úsáid i ndáil le brú faoi chois nuair is í an tSiria an ceann scríbe.

(Foraithne um Earraí Dé-Úsáide – Regeling goederen voor tweeërlei gebruik).

3.13. **An Ostair**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide más rud é go gcuireann an t-údarás inniúil an bróicéir ar an eolas go bhfuil na hítimí atá i gceist ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 15(1) den Acht um Thrádáil Eachtrach (Außenwirtschaftsgesetz 2011, BGBl. I Uimh. 26/2011)).

3.14. **An Fhionlainn**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht na n-ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, más rud é gur thug an t-údarás inniúil fógra don bhróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 (1) den Rialachán.

(Mír 6(1) d'Acht Uimh. 500/2024).

3.15. **An tSualainn**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é go bhfuil na hítimí atá i gceist ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 4 b mír a haon den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

4. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 6(4) DEN RIALACHÁN (RIALUITHE BRÓICÉIREACHTA A LEATHNÚ)**

Ceanglaítear le hAirteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 6(5) den Rialachán ar an gCoimisiún bearta a fhoilsiú, ar bearta iad a dhéanann na Ballstáit lena bhforchuirtear ceanglas údarúcháin maidir le bróicéireacht ítimí dé-úsáide, má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí sin ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit agus ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Leagtar amach go díreach ina dhiaidh sin na bearta mionsonraithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith.

An Ballstát	An bhfuil rialuithe bróicéireachta forchurtha ar bhonn Airteagal 6(4)?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	TÁ
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	TÁ
AN SPÁINN	TÁ
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ

An Ballstát	An bhfuil rialuithe bróicéireachta forchurtha ar bhonn Airteagal 6(4)?
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	TÁ
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	TÁ
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

4.1. **An Bhulgáir**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh seirbhísí bróicéireachta le hítimí dé-úsáide, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, i gcás inar chuir údarás rialaithe an bróicéir ar an eolas faoi Airteagal 67(1) go bhfuil na hítimí ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí a shonraítear in Airteagal 4(1)(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2021/821, agus freisin i gcásanna ina bhfuil cúis ag an mbróicéir a chreidiúint go bhfuil na hítimí dé-úsáide ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh na n-úsáidí a shonraítear in Airteagal 4(1)(a) agus (b) den Rialachán céanna.

(Airteagal 47, mír 1 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

4.2. **Poblacht na Seice**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Mír 3(4) d'Acht Uimh. 594/2004 Coll. 'Cur i bhFeidhm an Chórais Comhphobail chun Onnmhairiú, Aistriú, Bróicéireacht agus Idirthuras Ítimí Dé-Úsáide a Rialú').

4.3. **An Eastóin**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don Choimisiún um Earraí Straitéiseacha, do na húdaráis phóilíneachta nó do na húdaráis slándála láithreach. I ndiaidh fógra den sórt sin a fháil, féadfaidh an SGC cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Mír 77 den Acht um Earraí Straitéiseacha).

4.4. **Éire**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 14, Oibleagáidí an bhróicéara faoi Airteagal 6, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

4.5. **An Ghréig**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 3.2.2 de Chinneadh Aireachta Uimh. 121837/e3/21837/28-9-2009)..

4.6. **An Spáinn**

Má tá forais amhrais ag bróicéir maidir leis na hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, a mbeartaíonn sé seirbhísí bróicéireachta ina leith, go bhfuil siad ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus in Airteagal 4(1)(b), ní mór dó fógra a thabhairt don údarás inniúil, a dhéanfaidh cinneadh faoi cibé a bhfuil nó nach bhfuil seirbhísí bróicéireachta den sórt sin faoi réir údarúcháin.

(Airteagal 2.3.c) d'Fhoraithne Ríoga 679/2014, an 1 Lúnasa 2014 maidir le rialú na trádála seachtraí in ábhar cosanta, ábhar eile agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide).

4.7. **An Chróit**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) agus 4(1)(b) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Airteagal 6(3) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

4.8. **An Iodáil**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 9 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 221/2017 an 15 Nollaig 2017, atá i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2018).

4.9. **An Laitvia**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 5(7) agus Airteagal 17(1) den Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí Straitéiseacha an 21 Meitheamh 2007; Pointe 31 de Nósanna Imeachta Rialachán 657 (20.10.2010) chun Ceadúnas d'Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo a Eisiúint, nó Diúltú dá Eisiúint, agus Doiciméid Eile a Bhaineann le Saorchúrsaíocht Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo).

4.10. **Lucsamburg**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 42(2)).

4.11. **An Ungáir**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 17 (2) d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 'maidir le húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

4.12. **An Ísiltír**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide atá liostaithe nuair a bheidh na hítimí ceaptha nó nuair a d'fhéadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 4(5) den Acht um Sheirbhísí Straitéiseacha (Wet Strategische diensten)).

4.13. **An Ostair**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Roinn 5 den Chéad Rialachán maidir le Trádáil Eachtrach 2011 (Erste Außenwirtschaftsverordnung 2011), BGBl. II Uimh. 343/2011, a foilsíodh an 28 Deireadh Fómhair 2011).

4.14. **An Rómáin**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh bróicéireacht ítimí dé-úsáide má tá forais amhrais ag an mbróicéir go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 15(3) de GO 43/2022 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide).

4.15. **An Fhionlainn**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Mír 5(2) d'Acht Uimh. 500/2024).

4.16. **An tSualainn**

Má tá forais amhrais ag bróicéir go bhfuil ítimí dé-úsáide ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an bróicéir fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Roinn 4 b mír a dó den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

5. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 7(3) DEN RIALACHÁN (RIALUITHE IDIRTHURAIS A LEATHNÚ)**

Ceanglaítear le hAirteagal 7(3) i gcomhar le hAirteagal 7(4) den Rialachán ar an gCoimisiún bearta a fhoilsiú, ar bearta iad a dhéanann na Ballstáit cur i bhfeidhm Airteagal 7(1) a leathnú chun ítimí dé-úsáide neamhliostaithe a chumhdach.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil na forálacha maidir le rialú idirthurais a leagtar amach in Airteagal 7(1) leathnaithe ar bhonn Airteagal 7(3)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	NÍL
POBLACHT NA SEICE	TÁ

An Ballstát	An bhfuil na forálacha maidir le rialú idirthurais a leagtar amach in Airteagal 7(1) leathnaithe ar bhonn Airteagal 7(3)?
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	TÁ
AN SPÁINN	TÁ
AN FHRAINC	TÁ
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	TÁ
AN LIOTUÁIN	TÁ
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

5.1. **An Bheilg**

Féadfaidh na húdaráis inniúla i Réigiún Fhlóndras agus sa i Réigiún na Vallúine toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh na húdaráis inniúla i Réigiún Fhlóndras agus i Réigiún na Vallúine toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 3, §3, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026); Airteagail 5 agus 6 d'Fhoraithne Rialtas na Vallúine an 6 Feabhra 2014 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochta (Iris Oifigiúil na Beilge an 19.2.2014).

5.2. **Poblacht na Seice**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Mír 3b d'Acht Uimh. 594/2004 Coll. 'Cur i bhFeidhm an Chórais Comhphobail chun Onnmhairiú, Aistriú, Bróicéireacht agus Idirthuras Ítimí Dé-Úsáide a Rialú' (1)).

5.3. **An Eastóin**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Míreanna 3, 6 agus 7 den Acht um Earraí Straitéiseacha (SGA)).

5.4. **Éire**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 18-19, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

5.5. **An Ghréig**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

Mír. 3.3.3 de Chinneadh Aireachta Uimh. 121837/e3/21837/28-9-2009).

5.6. **An Spáinn**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán

(Airteagal 11 d'Acht 53/2007 an 28 Nollaig, maidir le rialú na trádála seachtraí in ábhar cosanta agus dé-úsáide).

5.7. **An Fhrainc**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 3(I) d'Fhoraithne Uimh.°2020-74 an 31 Eanáir 2020, arna leasú le Foraithne Uimh.°2020-1481 an 30 Samhain 2020).

5.8. **An Chróit**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 8(1) agus Airteagal 8(3) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide, IO 83/2023).

5.9. **An Iodáil**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 7 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 221/2017 an 15 Nollaig 2017, atá i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2018).

5.10. **An Laitvia**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 5(7) den Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí Straitéiseacha an 21 Meitheamh 2007; Pointe 31 de Nósanna Imeachta Rialachán 657 (20.10.2010) chun Ceadúnas d'Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo a Eisiúint, nó Diúltú dá Eisiúint, agus Doiciméid Eile a Bhaineann le Saorchúrsaíocht Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo).

5.11. **An Liotuáin**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras earraí dé-úsáide neamhliostaithe, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Rialú Earraí Straitéiseacha Uimh. XIV-1738 an 22 Nollaig 2022).

5.12. **Lucsamburg**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 43(2)).

Ní bheidh feidhm ag na forálacha seo maidir le hidirthuras earraí dé-úsáide a sheoltar gan trasloingsiú ná athrú ar an modh iompair (ní mheasfar aon trasloingsiú ná athrú iompair mar scaoileadh, chun an lastas, na hearraí i long nó in aerárthach a dhaingniú, ar choinníoll go gcuirtear earraí den sórt sin ar bord na loinge céanna nó an aerárthaigh chéanna arís), ná maidir le hidirthuras ítimí dé-úsáide a bhfuil údarú onnmhairiúcháin ginearálta ón Aontas Eorpach ann ina leith cheana féin.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 43(3)).

5.13. **An Ungáir**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 18 d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

5.14. **An Ísiltír**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán.

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais, más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáid deiridh mhíleata agus cinn scríbe dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán.

(Airteagal 4a(1) agus Airteagal 2 den Fhoraithne maidir le hEarraí Straitéiseacha – Besluit strategische goederen)).

5.15. **An Ostair**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 15 den Acht um Thrádáil Eachtrach 2011 (Außenwirtschaftsgesetz 2011, BGBl. I Uimh. 26/2011).

5.16. **An Fhionlainn**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 6(2) d'Acht Uimh. 500/2024).

5.17. **An tSualainn**

Féadfaidh an t-údarás inniúil toirmeasc a chur ar idirthuras ítimí dé-úsáide neamhliostaithe, neamh-Aontais más rud é go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Roinn 4 c den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

6. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 8(4) DEN RIALACHÁN (CÚNAMH TEICNIÚIL A LEATHNÚ)**

Bunaítear le hAirteagal 8(4) den Rialachán go bhféadfaidh Ballstát cur i bhfeidhm ceanglas údarúcháin a leathnú le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil ar ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 8(4)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	NÍL
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 8(4)?
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	NÍL
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	NÍL
AN tSUALAINN	TÁ

6.1. **An Bheilg**

Beidh údarú de dhíth, i Réigiún Fhlóndras, le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 3, §2, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026).

6.2. **Éire**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 16, Oibleagáidí an tsoláthraithe cúnaimh theicniúil faoi Airteagal 8, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

6.3. **An Chróit**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Airteagal 7(2) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

6.4. **An Iodáil**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 (1) den Rialachán.

(Airteagail 3 agus 9 d'Fhoraithne Reachtach an 15 Nollaig 2017 Uimh. 221, arna leasú le Dlí Uimh. 103 an 10 Lúnasa 2023).

6.5. **An Ungáir**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 20 d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

6.6. **An Ísiltír**

Tá toirmeasc ar sholáthar cúnaimh theicniúil lena n-úsáid i ndáil le hairm cheimiceacha, bhitheolaíocha nó núicléacha nó feistí pléascáin núicléacha eile a fhorbairt, a tháirgeadh, a láimhseáil, a oibriú, a chothabháil, a stóráil, a bhrath, a shainaithint nó a scaipeadh, nó i ndáil le diúracáin a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil, nó a stóráil ar diúracáin iad atá in ann na hairm sin a sheachadadh.

(Airteagal 3, fomhír 1, den Acht um Sheirbhísí Straitéiseacha - Wet Strategische diensten)).

6.7. **An tSualainn**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 (1) den Rialachán.

(Roinn 4 d, mír a haon den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

7. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 8(5) DEN RIALACHÁN (CÚNAMH TEICNIÚIL)**

De bhun Airteagal 8(5), féadfaidh Ballstát reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh nó a choimeád lena bhforchuirtear ceanglas údarúcháin maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar i gcás ina mbeidh forais amhrais ag an soláthraí cúnaimh theicniúil, ar soláthraí é a bheartaíonn cúnamh teicniúil a sholáthar le haghaidh ítimí dé-úsáide, go bhfuil na hítimí sin ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 8(5)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	NÍL
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL

An Ballstát	An bhfuil reachtaíocht náisiúnta glactha ag an mBallstát lena bhforchuirtear ceanglais údarúcháin de bhun Airteagal 8(5)?
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	NÍL
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	NÍL
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	NÍL
AN tSUALAINN	TÁ

7.1. **An Bheilg**

Má tá forais amhrais ag soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil ítimí dé-úsáide a bhfuil sé beartaithe aige cúnamh teicniúil a sholáthar ina leith ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, beidh ceanglas údarúcháin de dhíth i Réigiún Fhlóndras.

(Airteagal 3, §1, 3°, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026).

7.2. **Éire**

Má tá forais amhrais ag soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil ítimí dé-úsáide a bhfuil sé beartaithe aige cúnamh teicniúil a sholáthar dóibh ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an soláthraí cúnaimh theicniúil fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 16, Oibleagáidí an tsoláthraithe cúnaimh theicniúil faoi Airteagal 8, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

7.3. **An Chróit**

Má tá forais amhrais ag soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil ítimí dé-úsáide a bhfuil sé beartaithe aige cúnamh teicniúil a sholáthar dóibh ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an soláthraí cúnaimh theicniúil fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Airteagal 7(3) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023).

7.4. **An Iodáil**

Má tá forais amhrais ag soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil ítimí dé-úsáide a bhfuil sé beartaithe aige cúnamh teicniúil a sholáthar dóibh ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an soláthraí cúnaimh theicniúil fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Airteagail 3 agus 9 d'Fhoraithne Reachtach an 15 Nollaig 2017 Uimh. 221, arna leasú le Dlí Uimh. 103 an 10 Lúnasa 2023).

7.5. **An Ungáir**

Beidh údarú de dhíth le haghaidh soláthar cúnaimh theicniúil maidir le hítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán má tá forais amhrais ag an soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil na hítimí ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

(Mír 20 d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

7.6. **An tSualainn**

Má tá forais amhrais ag soláthraí cúnaimh theicniúil go bhfuil ítimí dé-úsáide a bhfuil sé beartaithe aige cúnamh teicniúil a sholáthar dóibh ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an soláthraí cúnaimh theicniúil fógra don údarás inniúil, a fhéadfaidh cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Roinn 4 d mír a dó den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

8. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 9 DEN RIALACHÁN (RIALUITHE A LEATHNÚ CHUN ÍTIMÍ NEAMHLIOSTAITHE A CHUMHDACH AR CHÚISEANNA SLÁNDÁLA POIBLÍ, LENA nÁIRÍTEAR GNÍOMHARTHA SCEIMHLITHEOIREACHTA A CHOSC, NÓ CHUN CEISTEANNA CHEARTA AN DUINE A CHUR SAN ÁIREAMH)**

Ceanglaítear le hAirteagal 9(4) den Rialachán ar an gCoimisiún bearta a fhoilsiú, ar bearta iad a dhéanann na Ballstáit chun onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a thoirmeasc nó ceanglas údarúcháin a fhorchur air ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna chearta an duine a chur san áireamh.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil rialuithe breise curtha chun feidhme maidir le hearraí neamhliostaithe ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna chearta an duine a chur san áireamh, de bhun Airteagal 9(1)?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	TÁ
AN DANMHAIRG	TÁ
AN GHEARMÁIN	TÁ
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	TÁ
AN FHRAINC	TÁ
AN CHRÓIT	NÍL
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL

An Ballstát	An bhfuil rialuithe breise curtha chun feidhme maidir le hearraí neamhliostaithe ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna chearta an duine a chur san áireamh, de bhun Airteagal 9(1)?
AN LAITVIA	TÁ
AN LIOTUÁIN	TÁ
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	TÁ
AN tSLÓIVÉIN	TÁ
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

8.1. **An Bhulgáir**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a bheith faoi réir córas ceadúnúcháin nó toirmiscthe le gníomh de chuid Chomhairle na nAirí, ar chúiseanna slándála poiblí nó ar chúiseanna chosaint chearta an duine.

(Airteagal 34, mír 1 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a bhainann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.05.2024)).

8.2. **Poblacht na Seice**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe, le hOrdú Rialtais, ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Mír 3(1)(d) d'Acht Uimh. 594/2004 Coll).

8.3 **An Danmhairg**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe, le hordú riaracháin, ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh. Tá sé sin de réir airteagal 1, uimh. 6, in Acht Náisiúnta comhdhlúite uimh. 635 an 09/06/2011 le leasuithe breise.

8.4. **An Ghearmáin**

a. **Roinn 8 (1) Uimh. 2 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung* - AWV) i gCuid I Roinn B de Liosta Rialaithe Onnmhairiúcháin na Gearmáine**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Roinn 8 (1) Uimh. 2 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung* - AWV) i gCuid I Roinn B de Liosta Rialaithe Onnmhairiúcháin na Gearmáine.

Tá onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán faoi réir údarú más rud é go liostaítear na hítimí i gCuid I Roinn B de Liosta Rialaithe Onnmhairiúcháin na Gearmáine.

(Roinn 8 (1) Uimh. 2 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung* -AWV)).

Áirítear na hítimí seo a leanas i gCuid I Roinn B de Liosta um Rialú Onnmhairiúcháin na Gearmáine:

— **1E901** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, seachas mar a shonraítear in 1E001 nó 1E101 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, chun cúir aicriolaimíde polaimeitile a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh', más rud é go bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Cuid 2 Roinn A den Rialachán (AE) 2021/821.

— **2B952** Trealamh ar féidir é a úsáid i láimhseáil substaintí bitheolaíocha, seachas na substaintí a rialaítear le 2B352 faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, más í an Iaráin nó an Chóiré Thuaidh an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe:

(a) soithigh choipthe, inar féidir 'miocrorgánaigh' phataigineacha nó víris a shaothrú, nó inar féidir tocsainí a tháirgeadh, gan aerasóil a fhorleathadh agus a bhfuil toilleadh iomlán de 10 lítear nó níos mó iontu;

(b) suathairí le haghaidh soithigh choipthe a rialaítear le 2B352(a) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú.

Nóta teicniúil:

Le soithigh choipthe, áirítear bith-imoibreoirí, ceimeastait agus córais sreafa leanúnaigh.

— **2B993** Trealamh chun forleaganacha miotalacha le haghaidh foshraitheanna neamhleictreonacha a dheascadh mar a leanas, agus na comhpháirteanna agus na gabhálais atá saindeartha lena aghaidh, más í an Iaráin an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe:

(a) trealamh táirgeachta don deascadh gaile ceimicí (CVD);

(b) trealamh táirgeachta don deascadh fisiceach gaile le léas leictreoin (EB-PVD);

(c) trealamh táirgeachta don deascadh trí bhíthin téamh ionduchtach nó friotaíochta.

— **3A1901a15** Ciorcaid iomlánaithe Leathsheoltóra Chomhlántaigh Ocsaíde Miotail (CMOS), nach sonraítear in 3A001a2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, atá deartha chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach arb ionann í agus 4,5 K (- 268,65 °C) nó ar lú (ar fearr) í ná sin, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 3A1901a15., tagraítear do chiorcaid iomlánaithe CMOS mar CMOS crióigineach nó crió-CMOS freisin.

— **3A1901b13** Amplitheoirí comharthaí paraiméadracha, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

(a) Tá siad deartha chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach faoi bhun 1 K (- 272,15 °C);

(b) Tá siad deartha chun oibriú ag aon mhinicíocht ó 2 GHz suas go 15 GHz agus an mhinicíocht sin san áireamh; agus

(c) Tá fachtóir torainn acu ar lú (ar fearr) é ná 0.015 dB ag aon mhinicíocht ó 2 GHz suas go 15 GHz agus an mhinicíocht sin san áireamh ag 1 K (- 272,15,°C).

Tabhair faoi deara: Áirítear le 3A1901b13 Amplitheoirí Paraiméadracha Toinne Taistil (TWPAnna).

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 3A1901b13., féadfar tagairt a dhéanamh d'aimplitheoirí comharthaí paraiméadracha mar Aimplitheoirí Candamtheoranta (QLAanna) freisin.

— **3A1904** Córais fuaraithe chrióiginigh agus comhpháirteanna, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

(a) Córais atá rátaithe chun cumhacht fuaraithe a sholáthar ar mó í ná 600 μW nó arb ionann í agus sin ag teocht 0,1 K (- 273,05 °C) nó faoina bhun ar feadh tréimhse ar mó í ná 48 n-uair an chloig;

(b) Criófhuaraitheoirí feadáin bhíge dhá chéim atá rátaithe chun teocht a choinneáil faoi bhun 4 K (- 269,15 °C) agus chun cumhacht fuaraithe a sholáthar atá níos mó ná 1,5 W nó arb ionann é agus sin ag teocht 4,2 K (- 268,95 °C) nó faoina bhun.

— **3B1901k** Trealamh atá deartha le haghaidh eitseáil thirim, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

(a) Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim iseatrópach, a bhfuil 'roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si)' aige ar mó í ná 100:1 nó arb ionann í agus sin; nó

(b) Trealamh atá deartha nó atá modhnaithe le haghaidh eitseáil thirim ainiseatrópach, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá foinse/foinsí cumhachta radaimhinicíochta (RF) aige ag a bhfuil aschur RF bíogach amháin ar a laghad;
2. Tá comhla(í) mearlasctha gáis tapúla amháin nó níos mó aige a bhfuil aga lasctha acu ar lú é ná 300 ms; agus
3. Tá crágán leictreastatach aige ag a bhfuil 20 eilimint teochta inathraithe atá inrialaithe ina n-aonar nó níos mó.

Nóta 1: Áirítear le 3B1901k eitseáil trí 'fhréamhacha', iain, imoibrithe seicheamhacha nó imoibriú neamhsheicheamhach.

Nóta 2: Nóta: Le 3B1901k, áirítear eitseáil:

(a) ina n-úsáidtear plasma a fhlosctar le bíog cumhachta raidaimhinicíochta,

(b) ina n-úsáidtear plasma a fhlosctar le timthriall bíogach,

(c) ina n-úsáidtear voltas bíogach ar phlasma atá modhnaithe le leictreoidí,

(d) Instealladh timthriallach agus sciúradh gás in éineacht le plasma,

(e) Eitseáil cisil adamhaigh le plasma nó

(f) Eitseáil cisil cuasadamhaigh le plasma.

Nóta Teicniúil:

1. Chun críocha 3B1901k, tomhaistear 'roghnaíocht eitseála gearmáiniam sileacain go sileacan (SiGe:Si)' le haghaidh tiúchan Ge ar mó í ná 30 % nó arb ionann í agus 30 % (Si 0,70, Ge 0,30).

2. Chun críocha 3B1901k, sainmhínítear 'radacach' mar adamh, móilín, nó ian a bhfuil leictreon neamhphéireáilte aige i gcumraíocht leictreonsceall oscailte.

— **3B1903** Trealamh Leictreonmhicreascóip Scanacháin (SEM) atá deartha chun feistí leathsheoltóra nó ciorcaid iomlánaithe a íomháú, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

(a) Tá cruinneas suiteála céime aige ar lú (ar fearr) é ná 30 nm;

(b) Tá tomhas suite céime aige a dhéantar agus úsáid á baint as trasnamhéadracht léasair;

(c) Tá calabrú suímh laistigh de Réimse Radhairc (FOW) aige atá bunaithe ar thomhas fadscála trasnamhéadair léasair;

(d) Bailíonn sé agus stórálann sé íomhánna a bhfuil níos mó ná 200 000 000 picteilín acu;

(e) Tá forluí réimse radhairc acu ar lú é ná 5 % i dtreonna ingearacha agus cothrománacha;

(f) Tá forluí fuála réimse radhairc acu ar lú é ná 50 nm; agus

(g) Tá voltas luasghéaraithe acu ar mó é ná 21 kV.

Tabhair faoi deara: Áirítear le 3B1903 trealamh leictreonmhicreascóip scanacháin atá deartha le haghaidh athshlánú dhearadh na sliseanna

— **3B1904** Trealamh scrúdaithe sliseog crióigineach, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

(a) Tá sé deartha chun gairis a thástáil ag teochtaí ar lú iad ná 4,5 K (- 268,65 °C) nó arb ionann iad agus sin; agus

(b) Tá sé deartha chun freastal ar thrastomhais sliseog ar mó iad ná 100 mm nó arb ionann iad agus sin.

— **3D1902** 'Bogearraí' atá saindeartha chun trealamh a shonraítear in 3B1901k a 'úsáid'

— **3D1907** 'Bogearraí' atá deartha chun sonraí 'GDSII' nó sonraí coibhéiseacha leagain amach chaighdeánaigh a bhaint amach agus ailíniú ciseal go ciseal a dhéanamh ó íomhánna Leictreonmhicreascóip Scanacháin, agus sonraí ilchiseal 'GDSII' nó an glanliosta ciorcaid a ghiniúint

— **3E1901** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh a shonraítear in 3A1901b13, 3A1904, 3B1901k, 3B1903 nó 3B1904 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh', i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

— **3E1902** 'Teicneolaíocht', seachas mar a shonraítear in 3E001 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, chun trealamh a shonraítear in 3A1901a1 a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh', i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear in gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Nóta 1: Áirítear le 3E1902 'oidis phróisis'.

Nóta 2: Níl feidhm ag 3E1902 maidir le 'Fearais Deartha Próisis' (PDKanna) mura n-áirítear iontu leabharlanna a chuireann feidhmeanna nó teicneolaíochtaí chun feidhme le haghaidh na n-ítimí atá sonraithe le 3A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú.

Nóta Teicniúil 1:

Is éard atá in 'oideas próisis' sraith coinníollacha agus paraiméadar le haghaidh céim áirithe de phróiseas.

Nóta Teicniúil 2:

Is éard atá i 'bhFearas Deartha Próisis' ('PDK') uirlís bogearraí arna soláthar ag monaróir leathsheoltóra chun a áirithiú go gcuirtear na cleachtais agus na rialacha deartha is gá san áireamh chun dearadh ciorcaid iomlánaithe sonrach a tháirgeadh go rathúil i bpróiseas leathsheoltóra ar leith, i gcomhréir le srianta teicneolaíochta agus monaraíochta (bíonn 'PDK' ar leith ag gach próiseas monaraithe leathsheoltóra)

— **3E1905** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun ciorcaid nó gairis iomlánaithe lena n-úsáidtear struchtúir trasraitheora tionchair réimse geata uileghabhálacha (GAAFET) 'a fhorbairt' nó 'a tháirgeadh', i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Nóta 1: Áirítear le 3E1905 'oidis phróisis'.

Nóta 2: Níl feidhm ag 3E1905 maidir le cáilíocht ná cothabháil uirlisí.

Nóta 3: Níl feidhm ag 3E1905 maidir le 'Fearais Deartha Próisis' (PDKanna) mura n-áirítear iontu leabharlanna a chuireann feidhmeanna nó teicneolaíochtaí chun feidhme le haghaidh na n-ítimí atá sonraithe le 3A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú.

Nóta Teicniúil 1:

Is éard atá in 'oideas próisis' sraith coinníollacha agus paraiméadar le haghaidh céim áirithe de phróiseas.

Nóta Teicniúil 2:

Is éard atá i 'bhFearas Deartha Próisis' ('PDK') uirlís bogearraí arna soláthar ag monaróir leathsheoltóra chun a áirithiú go gcuirtear na cleachtais agus na rialacha deartha is gá san áireamh chun dearadh ciorcaid iomlánaithe sonrach a tháirgeadh go rathúil i bpróiseas leathsheoltóra ar leith, i gcomhréir le srianta teicneolaíochta agus monaraíochta (bíonn 'PDK' ar leith ag gach próiseas monaraithe leathsheoltóra).

— **4A1906** Ríomhairí candamacha agus 'cóimeálacha leictreonacha' gaolmhara agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar seo a leanas:, i gcás ina bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear i gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

(a) Ríomhairí candamacha, mar seo a leanas:

1. a thacaíonn le 34 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 100 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 10-4 nó arb ionann í agus sin;

2. a thacaíonn le 100 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 200 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 10-3 nó arb ionann í agus sin;

3. a thacaíonn le 200 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 350 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 2 x 10-3 nó arb ionann í agus sin;

4. a thacaíonn le 350 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 500 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 3 x 10-3 nó arb ionann í agus sin;

5. a thacaíonn le 500 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó ach níos lú ná 700 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 4 x 10-3 nó arb ionann í agus sin;

6. a thacaíonn le 700 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó ach níos lú ná 1 100 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 5 x 10-3 nó arb ionann í agus sin;

7. a thacaíonn le 1 100 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó ach níos lú ná 2 000 ceann acu, atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil' agus a bhfuil 'earráid C-NOT' acu, ar lú í ná 6 x 10-3 nó arb ionann í agus sin;

8. a thacaíonn le 2 000 'candamghiotán fisiceach' nó níos mó atá 'rialaithe go hiomlán', 'nasctha' agus 'feidhmiúil';

(b) Feistí candamghiotáin agus ciorcaid chandamghiotán ina bhfuil eagair de 'chandamghiotáin fhisiceacha' nó a thacaíonn leo, agus atá saindeartha le haghaidh earraí a shonraítear le 4A1906a;

(c) Comhpháirteanna rialaithe candaim agus feistí tomhais candaim atá saindeartha le haghaidh ítimí a shonraítear in 4A1906a;

Nótaí:

1. *Tá feidhm ag 4A1906 maidir le ríomhairí candamacha samhla ciorcaid (nó geatabhunaithe) agus ríomhairí candamacha aonbhealaigh (nó tomhasbhunaithe). Níl feidhm ag an iontráil seo maidir le ríomhairí candamacha aidiabatacha (nó ainéalta).*

2. *Ní gá go mbeadh aon chandamghiotán go fisiceach in ítimí a shonraítear in 4A1906. Mar shampla, ní bhíonn ítim fhisiceach go buan i ríomhairí candamacha atá bunaithe ar scéimeanna fótónacha ar féidir í a aithint mar chandamghiotán. Ina ionad sin, gintear na candamghiotáin fhótónacha agus an ríomhaire ag feidhmiú agus caitear i leataobh iad ina dhiaidh sin.*

3. *Áirítear ar na hítimí a shonraítear le 4A1906b leathsheoltóirí, forsheoltóirí agus sliseanna candamghiotáin fótónacha agus eagair sliseanna; eagair ianghaiste dromchla; teicneolaíochtaí gaibhniúcháin candamghiotáin eile; agus idirnaisc chomhleanúnacha idir na hítimí sin.*

4. *Tá feidhm ag 4A1906. maidir le hítimí atá deartha chun candamghiotáin chónaitheacha ríomhaire chandamaigh a chalabrú, a thúsú, a ionramháil nó a thomhas.*

Nóta Teicniúil:

Chun críocha 4A1906:

1. *Is é is 'candamghiotán fisiceach' ann córas candamach dhá leibhéil a úsáidtear chun bunaonad na loighce candamaí a léiriú trí ionramhálacha agus trí thomhais nach bhfuil ceartaithe ó thaobh earráidí de. Déantar 'candamghiotáin fhisiceacha' a idirdhealú ó chandamghiotáin loighciúla, sa mhéid is gur candamghiotáin atá ceartaithe ó thaobh earráidí de iad candamghiotáin loighciúla atá comhdhéanta de go leor 'candamghiotáin fhisiceacha'.*

2. *Ciallaíonn 'rialaithe go hiomlán' gur féidir an 'candamghiotán fisiceach' a chalabrú, a thúsú, a gheatú agus a léamh amach, de réir mar is gá.*

3. *Ciallaíonn 'nasctha' gur féidir oibríochtaí geata dhá chandamghiotán a dhéanamh idir aon phéire treallach de na 'candamghiotáin fhisiceacha' 'fheidhmiúla' atá ar fáil. Ní gá go mbeadh nascacht uile-go-huile i gceist leis sin.*

4. *Ciallaíonn 'feidhmiúil' go ndéanann an 'candamghiotán fisiceach' obair ríomhaireachta chandamach uilíoch de réir shonraíochtaí an chórais maidir le dílseacht oibríochtúil candamghiotán.*

5. *Tagraíonn tacú le 34 nó níos mó 'candamghiotáin fhisiceacha' 'fheidhmiúla' 'nasctha' atá 'rialaithe go hiomlán', do chumas ríomhaire chandamaigh an fhaisnéis chandamach atá cuimsithe i 34 'chandamghiotán fhisiceacha' nó níos mó a theorannú, a rialú, a thomhas agus a phróiseáil.*

6. *Is éard atá i gceist le 'earráid C-NOT' meánearráid an gheata fhisicigh do na geataí dhá 'chandamghiotán fhisiceacha' is gaire don dá 'chandamghiotán fhisiceacha' Rialaithe-NOT (C-NOT).*

— **4A1906.c** 'Bogearraí', seachas mar a shonraítear in 4D001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun trealamh a shonraítear in 4A1906.b nó 'bogearraí' a shonraítear in 4A1906.b. nó 4A1906.c.a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh', más rud é go bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

— **4E1901b3** 'Teicneolaíocht', seachas mar a shonraítear in 4E001 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, chun trealamh a shonraítear in 4A1906.b. no 4A1906.c a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh', más rud é go bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na críocha a liostaítear in gCuid 2 de Roinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

— **5A902** Córais, trealamh agus comhpháirteanna faireachais le haghaidh TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) le haghaidh líonraí poiblí, nach sonraítear le hítim 5D001(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

(a) Lárionaid faireacháin (Saoráidí Faireacháin i gcomhair Fhorfheidhmiú an Dlí) le haghaidh Córais Idircheaptha Dhleathaigh (LI, mar shampla de réir ETSI ES 201 158, ETSI ES 201 671 nó sonraíochtaí coibhéiseacha nó caighdeáin choibhéiseacha) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh,

(b) Córais nó gairischoinneála le haghaidh sonraí glao (Faisnéis a Bhaineann le hIdircheapadh nó IRI, mar shampla, de réir ETSI TS 102 656 nó sonraíochtaí nó caighdeáin choibhéiseacha) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta teicniúil:

Áirítear le sonraí glao faisnéis chomharthaíochta, áit tionscnaimh agus ceann scríbe, (e.g. uimhreacha gutháin, seoltaí IP nó MAC, etc.), dáta, am agus áit tionscnaimh gheografach na cumarsáide.

Tabhair faoi deara:

Ní rialaítear le 5A902 córais, nó gairis atá saindeartha chun na gcríoch seo a leanas:

(a) billeáil

(b) feidhmeanna bailithe sonraí laistigh d'eilimintí gréasáin (e.g., Exchange nó HLR)

(c) cáilíocht seirbhíse an ghréasáin (Cáilíocht na Seirbhíse - QoS) nó

(d) sástacht an úsáideora (Cáilíocht an Eispéiris - QoE)

(e) oibríocht ag cuideachtaí teileachumarsáide (soláthróirí seirbhíse).

— **5A911** Stáisiúin bhunáite le haghaidh 'radachumarsáid thruncáilte' dhigiteach más í an tSúdáin nó an tSúdáin Theas an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

Nóta teicniúil:

Nós imeachta cumarsáide raidió ceallaigh ag a bhfuil síntiúsóirí soghluaiste dá sanntar truncaí minicíochta le haghaidh na cumarsáide is ea 'radachumarsáid thruncáilte'. Úsáideann 'radachumarsáid thruncáilte' dhigiteach (e.g. TETRA, radachumarsáid thruncáilte thrastíre) modhnú digiteach.

— **5D902** 'Bogearraí' nach sonraítear le hítim 5D001(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

(a) 'bogearraí' atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun suiteálacha, feidhmeanna nó paraiméadair feidhmíochta a rialaítear le hiontráil 5A902 a 'fhorbairt', a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid';

(b) 'bogearraí' atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun saintréithe, feidhmeanna nó paraiméadair feidhmíochta a rialaítear le hiontráil 5A902 a bhaint amach.

— **5D911** 'Bogearraí' atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun trealamh, a rialaítear le hítim 5A911, a 'úsáid', más í an tSúdáin nó an tSúdáin Theas an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **5E902** 'Teicneolaíocht' nach sonraítear le hítim 5E001(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht le haghaidh 'forbairt', 'táirgeadh' agus 'úsáid' suiteálacha, feidhmeanna nó saintréithe feidhmíochta a rialaítear le hiontráil 5A902, nó 'bogearraí' a rialaítear le hiontráil 5D902, i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn A, Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

— **6A908** Córais loingseoireachta nó faireachais radar-bhunaithe le haghaidh rialú tráchta soithigh nó aeir, nach rialaítear le hítimí 6A008 nó 6A108 faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, más í an Iaráin an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **6D908** 'Bogearraí' atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun an trealamh a rialaítear le 6A908 a 'fhorbairt', a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid', más í an Iaráin an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **9A904** 'Spásárthaí' agus trealamh eile, mar a leanas:

(a) Aeróga atá deartha lena n-úsáid i gcomhar le 'spásárthaí', i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

(b) Teirminéil cumarsáide 'léasair' (LCTanna, stáisiúin cumarsáide sonraí 'léasair'), seachas iad siúd a shonraítear in 9A004 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, lena n-úsáid i dtaca le 'spásárthaí', i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta Teicniúil:

Áirítear in 9A904 ítimí a úsáidtear sna comhthéacsanna seo a leanas le 'spásárthach', ar an talamh agus ar 'spásárthach' araon:

1. Úsáid mar phálasta le haghaidh uasnaisc nó íosnaisc,

2. Cumarsáid idir 'spásárthaí'; nó

3. Úsáid i dtaca le tarchur comharthaí teiliméadrachta.

— **9A991** Feithiclí talún nach gcumhdaítear le Cuid I A den Liosta um Rialú Onnmhairiúcháin, mar a leanas:

(a) leantóirí gan ráillí agus leathleantóirí ag a bhfuil pálasta is mó ná 25 000 kg agus is lú ná 70 000 kg, nó ag a bhfuil gné mhíleata amháin nó níos mó agus atá in ann feithiclí a iompar a rialaítear faoi 0006 i gCuid I A mar aon le feithiclí tarraingthe atá in ann iad a iompar agus ag a bhfuil gné mhíleata amháin nó níos mó más í an Iaráin, an Libia, Maenmar, an Chóiré Thuaidh, an Phacastáin, nó an tSiria an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe;

Tabhair faoi deara:

Cuimsítear gach feithicil ag a bhfuil príomhfheidhm tarraingthe le feithiclí tarraingthe de réir bhrí 9A991a;

(b) trucailí eile agus feithiclí easbhóthair ag a bhfuil gné mhíleata amháin nó níos mó, más í an Iaráin, an Libia, Maenmar, an Chóiré Thuaidh, nó an tSomáil an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

Nóta 1: Áirítear le gnéithe míleata mar a shainmhínítear in 9A991:

(a) cumas trasnaithe 1,2 m nó níos mó;

(b) gléasadh le haghaidh gunnaí agus arm;

(c) gléasadh le haghaidh eangach duaithníochta;

(d) soilse dín, ciorclach agus ag a bhfuil cumhdach sleamhnaithe nó luasctha;

(e) cruanadh míleata;

(f) alt uilíoch le haghaidh leantóirí i gcomhar le soicéad NATO mar a thugtar air.

Nóta 2: Ní rialaítear le 9A991 feithiclí talún nuair atá siad ag tionlacan a n-úsáideoirí lena n-úsáid phearsanta.

— **9A992** Trucailí, mar a leanas:

(a) trucailí faoi thiomáint gach roth ag a bhfuil pálasta is mó ná 1 000 kg, más í an Chóiré Thuaidh an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe;

(b) trucailí ag a bhfuil trí acastóir nó níos mó agus uasmheáchan ualaithe incheadaithe is mó ná 20 000 kg, más í an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe an Iaráin.

— **9A993** Héileacaptair, córais aistrithe cumhachta héileacaptar, innill tuirbíní gáis agus aonaid cumhachta chúntacha (APUnna) lena n-úsáid i héileacaptair, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, más í Cúba, an Iaráin, an Libia, Maenmar, an Chóiré Thuaidh, nó an tSomáil an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **9A994** Aonaid chumhachta aerfhuaraithe (aerinnill) ag a bhfuil toilleadh ciúbach 100 cm^3 nó níos mó agus 600 cm^3 nó níos lú, ar féidir iad a úsáid in 'aerfheithiclí' gan foireann, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, más í an Iaráin an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **9D904** 'Bogearraí' atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun ítimí a shonraítear in 9A904 a 'fhorbairt', a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid', i gcás ina mbeidh an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

— **9D904** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, seachas mar a shonraítear in 5E001.b.2., 9E001 agus 9E002 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, arna leasú, chun ítimí a shonraítear in 9A904 nó 'bogearraí' a shonraítear in 9D904 a 'fhorbairt', a 'tháirgeadh' nó a 'úsáid', más rud é go bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

— **9E991** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, chun trealamh a rialaítear le 9A993 a 'fhorbairt' nó a 'tháirgeadh', más í Cúba, an Iaráin, an Libia, Maenmar, nó an Chóiré Thuaidh an tír cheannaigh nó an tír cinn scríbe.

— **9E992** 'Teicneolaíocht' de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, seachas teicneolaíocht a rialaítear le 9E101(b) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú, chun 'aerfheithiclí gan foireann' ('UAVanna') a 'tháirgeadh', más rud é go bhfuil an ceann scríbe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II Roinn A Cuid 2 de Rialachán (AE) 2021/821.

b. **Roinn 9 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung* - AWV)**

Beidh údarú de dhíth chun ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a onnmhairiú, más rud é gur chuir BAFA in iúl don onnmhaireoir go bhfuil na hítimí i dtrácht ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, chun suiteáil núicléach a thógáil nó a oibriú de réir bhrí Chatagóir 0 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 nó lena n-ionchorprú i suiteáil den sórt sin, agus más í an Ailgéir, an Iaráic, an Iaráin, Iosrael, an Iordáin, an Libia, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, an Phacastáin nó an tSiria an tír cinn scríbe. Más rud é go bhfuil a fhios ag onnmhaireoir go bhfuil na hítimí ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh na húsáide thuasluaite, ní mór dó fógra a thabhairt do BAFA. Cinnfidh BAFA cibé acu a chuirfidh sé an t-onnmhairiú lena mbaineann faoi réir údarú nó nach gcuirfidh. Ní bheidh feidhm ag an Roinn seo sa réimse a rialaítear le hAirteagail 4 agus 10 de Rialachán (AE) 2021/821.

(Roinn 9 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung* - AWV)).

c. **Roinn 6 den Acht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsgesetz* - AWG)**

Faoi Roinn 6 den Acht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsgesetz* - AWG), is féidir idirbhearta agus idirbhearta agus caingne dlí a shrianadh, nó is féidir oibleagáidí le gníomhú a fhorchur le hacht riaracháin, chun dainséar a sheachaint, a bhaineann le cás aonair, maidir leis na leasa e.g. leasa slándála fíor-riachtanacha Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, cómhaireachtáil shíochánta idir náisiúin, caidreamh eachtrach Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ord nó slándáil phoiblí Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

8.5. **An Eastóin**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe, le cinneadh den Choimisiún um Earraí Straitéiseacha, ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Roinn 2 (11) agus 6 (2) den Acht um Earraí Straitéiseacha).

8.6. **Éire**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 12, Ordú ón Aire lena dtoirmisctear onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I agus Roinn 13, Treoir go bhfuil údarú de dhíth chun ítim nach liostaítear in Iarscríbhinn I a onnmhairiú, arna thosú an 23 Lúnasa 2024).

8.7. **An Spáinn**

Beidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán agus a liostaítear in Iarscríbhinn III.4 agus in Iarscríbhinn III.5 a ghabhann le Foraithne Ríoga 679/2014 an 1 Lúnasa 2014, faoi réir údarú.

(Airteagal 2(3)(a) den Fhoraithne Ríoga 679/2014, an 1 Lúnasa 2014 maidir le rialú na trádála seachtraí in ábhar cosanta, ábhar eile agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide)

— **1C901,** níotráit amóiniam (CAS 6484-52-2) i gcéim phléascach ag a bhfuil tiúchan nítrigine 31,5 % nó níos mó.

Nóta 1: Le hAirteagal 1C901, rialaítear níotráit amóiniam, níotráit amóiniam theicniúil, níotráit amóiniam ghránaithe, níotráit amóiniam scagach agus aon chur i láthair eile inar féidir í a úsáid mar ocsaídeoir soladach.

Nóta 2: Áirítear in Airteagal 1C901 meascáin phléascacha de níotráit amóiniam le holaí breosla, eibleachtaí, hidreaglónna agus pléascáin atá díonach ar uisce.

Nóta 3: Ní rialaítear le hAirteagal 1C901 níotráit amóiniam i leasachán ard-dlúis agus i leasachán póiriúlachta ísle.

Nóta 4: Ní rialaítear le hAirteagal 1C901 eisiúint níotráite amóiniam (UN 1942 agus UN 2426) chun pléascáin a mhonarú, chomh maith le maitrísí eibleachtaí, fuaidreán agus glóthacha bunaithe ar níotráit amóiniam (UN 3375) a úsáidtear chun pléascáin a mhonarú, a bheidh faoi rialú ag Teagasc Teicniúil Forlíontach Uimh. 30 den Rialachán maidir le Pléascáin, arna fhormheas le Foraithne Ríoga 130/2017 an 24 Feabhra.

— **5A901** córais agus trealamh radaimhinicíochta nach bhfuil sonraithe in 5.A.1.f agus 5.A.1.h, comhpháirteanna agus gabhálais, atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a fhorbairt:

1. Smacht agus ceannas a ghlacadh ar eitleáin gan foireann.

2. Cuir isteach d'aon ghnó agus go roghnach ar chomharthaí radaimhinicíochta nó iad a dhiúltú, a chosc, a dhíghrádú nó a mhealla chun eitleáin gan foireann a rialú agus a stiúradh.

3. Saintréithe sonracha an phrótacail radaimhinicíochta a úsáideann eitleáin gan foireann a úsáid chun cur isteach ar a n-oibriú.

N.B. Maidir le córais suaite GNSS, féach freisin Rialuithe maidir le hEarraí Míleata, Catagóir 11.b.

— **5A902** córais, trealamh agus comhpháirteanna faireachais le haghaidh líonraí poiblí faisnéise agus cumarsáide, nach sonraítear in Airteagal 5A001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021, atá ceaptha le haghaidh aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas:

1. Faireachán maidir le feidhmeanna idircheaptha dhlíthiúil (de réir ceanglas idircheaptha dhlíthiúil agus slándála teileachumarsáide le haghaidh feidhmeanna líonra ETSI ES 201 158, comhéadan aistrithe chun trácht teileachumarsáide ETSI ES 201 671 a idircheapadh go dleathach nó caighdeáin agus sonraíochtaí coibhéiseacha) agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

2. Coinneáil sonraí glao (i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sonraí a idircheapadh go dleathach ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun sonraí ETSI TS 102 656 a láimhseáil nó caighdeáin agus sonraíochtaí coibhéiseacha) agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh.

Nóta teicniúil: Áirítear le sonraí glao faisnéis chomharthaíochta, áit tionscnaimh agus ceann scríbe, (e.g. uimhreacha gutháin, seoltaí IP nó MAC, etc.), dáta, am agus áit tionscnaimh gheografach na cumarsáide.

Tabhair faoi deara: Ní rialaítear le hAirteagal 5A902 córais, trealamh nó comhpháirteanna atá saindeartha chun na gcríoch seo a leanas:

(a) Sonrascadh;

(b) Feidhmeanna bailithe sonraí laistigh de na heilimintí líonra;

(c) Cáilíocht seirbhíse an líonra; nó

(d) Sásamh úsáideora.

— **5D902** bogearraí nach sonraítear in Airteagal 5D001 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 atá deartha nó modhnaithe go sonrach chun córais, trealamh agus comhpháirteanna faireachais a shonraítear in 5A902 a fhorbairt, a tháirgeadh agus a úsáid mar aon lena gcumraíocht fheidhmiúil agus rialú feidhmíochta

8.8. **An Fhrainc**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh. (Foraithne Uimh. 2010-292).

Glacadh rialuithe náisiúnta ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide, mar a leagtar amach sna horduithe seo a leanas: Ordú ón Aire an 31 Iúil 2014 maidir le héileacaptair áirithe a onnmhairiú agus a bpáirteanna spártha chuig tríú tíortha (Arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na Fraince an 8 Lúnasa 2014); Ordú ón Aire an 31 Iúil 2014 maidir le deorghás agus oibreán smachtaithe círéibe a onnmhairiú chuig tríú tíortha (Arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na Fraince an 8 Lúnasa 2014); Ordú ón Aire an 2 Feabhra 2024 (arna mhodhnú le hOrdú ón Aire an 27 Márta 2025) maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le ríomhairí candamacha agus a dteicneolaíochtaí agus a dtrealamh cumasúcháin chun ard-chomhpháirteanna leictreonacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a thástáil agus a iniúchadh (Arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na Fraince an 10 Feabhra 2024 agus an 30 Márta 2025 – ECOI2506508A).

8.9. **An Iodáil**

Beidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán faoi réir údarú nuair is í Poblacht na hAirméine, Poblacht Ioslamach na hIaráine, Poblacht na Casacstáine nó Poblacht Kirghizstan a gceann scríbe deiridh, agus i gcás na n-ítimí seo a leanas:

a) Innill loiní dócháin inmheánaigh, frithingeacha spréachadhainte nó rothlacha, inúsáidte san earnáil eitlíochta. Is éard atá i gceist leis'an earnáil eitlíochta': aerárthaí, aerfheithiclí gan foireann (ar a dtugtar UAVanna), héileacaptair, uathghíreáin, eitleáin hibrideacha nó samhlacha raidió-rialaithe;

(b) Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le hinnill go príomha nó chuige sin amháin dá dtagraítear i litir a).

(Foraithne an 10 Iúil 2023, Sraith Ghinearálta IO uimh. 165 na hIodáile, an 17 Iúil 2023, leathanach 14).

8.10. **An Laitvia**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ag an gCoiste um Rialú Earraí Straitéiseacha ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

Tá liosta náisiúnta d'ítimí nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán i bhfeidhm.

— **10A901** Airm a úsáideann armlón i gcásáil nach armlón lárlámhaigh é (armlón imeall-lámhaigh), comhpháirteanna agus armlón saindeartha.

— **10A902** Trealamh a bhaineann le haerárthaí, páirteanna spártha agus comhpháirteanna. Ní infheidhme an rialú ach maidir le trealamh, páirteanna spártha agus comhpháirteanna aerárthaigh is féidir a úsáid le haghaidh aerárthaí sibhialta agus míleata araon.

— **10A903** Aerghunnaí ag a bhfuil fuinneamh is mó ná 12 J.

— **10A906** Treoracha radhairc agus comhpháirteanna d'airm oíche.

— **10A907** Mianaigh frithphearsanra.

— **10D901** Bogearraí atá forbartha le haghaidh seirbhísí faisnéise agus atá saindeartha chun faisnéis a bhaint as ríomhairí, líonraí nó córais faisnéise eile faoi cheilt, nó an fhaisnéis sin a mhilleadh nó a athrú iontu amhlaidh.

— **10E902** Cúnamh míleata agus cúnamh teicniúil a bhaineann le hearraí míleata.

(Rialachán Uimh. 645 an 25 Meán Fómhair 2007 - 'Rialachán maidir leis an Liosta Náisiúnta Earraí agus Seirbhísí Straitéiseacha', Airteagal 3(1) den Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí Straitéiseacha an 21 Meitheamh 2007).

8.11. **An Liotuáin**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Dlí Phoblacht na Liotuáine mar le Rialú Earraí Straitéiseacha Uimh. XIV-1738, an 22 Nollaig 2022).

Tá toirmeasc ar liosta d'ítimí dé-úsáide nach n-áirítear in Iarscríbhinn I a onnmhairiú nuair a onnmhairítear iad trí phointí trasnaithe teorann bóthair stáit Phoblacht na Liotuáine le tíortha nach de chuid an Aontais iad.

(Rún Rialtais Uimh. 512 an 28 Meitheamh 2023, maidir le Bearta Rialaithe Náisiúnta a Chur i bhFeidhm de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Rún Uimh. 888 an 15 Samhain 2023).

Liosta náisiúnta d'ítimí dé-úsáide rialaithe:

Cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC)	Tuairisc:
3818	Dúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic, i bhfoirm dioscaí, nó sliseog leathsheoltóra nó i bhfoirmeacha comhchosúla; comhdhúile ceimiceacha atá dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic
3824	Ceanglóirí ullmhaithe do mhúnlaí nó do chroíleacáin teilgcheártan; táirgí agus ullmhóidí ceimiceacha ó na tionscail cheimiceacha nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
6909	Earraí ceirmeacha le húsáid sa tsaotharlann, go ceimiceach nó go teicniúil ar bhealaí eile; umair cheirmeacha, tobáin agus gabhdáin cheirmeacha chomhchosúla a úsáidtear sa talmhaíocht; potaí, crúscaí agus earraí ceirmeacha comhchosúla a úsáidtear chun earraí a iompar nó a phacáil
8420 10 81	Lannaitheoirí rolla de chineál a úsáidtear go príomha nó chuige sin amháin chun foshraitheanna ciorcad priontáilte nó ciorcaid phriontáilte a mhonarú
8421 21	Innealra agus gaireas scagacháin nó íonúcháin le haghaidh leachtanna, chun uisce a scagadh nó a íonú
8421 39	Innealra agus gaireas scagacháin nó íonúcháin le haghaidh gás, gan scagairí aer-iontógála le haghaidh innill dócháin inmheánaigh a áireamh agus gan tiontairí catalaíocha agus scagairí cáithníní eile a áireamh, bídís comhcheangailte nó ná bídís, chun gáis sceite ó innill dócháin inmheánaigh a íonú nó a scagadh
8421 99	Páirteanna d'innealra agus gaireas le haghaidh leachtanna nó gás a scagadh nó a íonú
8424 89 40	Fearais mheicniúla le haghaidh teilgin, easraithe nó spraeála de chineál a úsáidtear go príomha nó chuige sin amháin chun ciorcaid phriontáilte nó cóimeálacha ciorcad priontáilte a mhonarú
8456 11 10	Meaisín-uirlisí le haghaidh aon ábhar a shaothrú trí ábhar a bhaint, arna n-oibriú ag léasar, lena n-úsáid go príomha nó chuige sin amháin chun ciorcaid phriontáilte, cóimeálacha ciorcad priontáilte, páirteanna atá faoi cheannteideal 8517, nó páirteanna de mheaisíní próiseála sonraí uathoibríocha a mhonarú
8456 12 10	Meaisín-uirlisí le haghaidh aon ábhar a shaothrú trí ábhar a bhaint, arna n-oibriú ag próisis léasacha solais nó fótóin seachas radaíocht léasair, lena n-úsáid go príomha nó chuige sin amháin chun ciorcaid phriontáilte, cóimeálacha ciorcad priontáilte, páirteanna atá faoi cheannteideal 8517, nó páirteanna de mheaisíní próiseála sonraí uathoibríocha a mhonarú
8457	Ionaid mheaisínithe, meaisíní tógála seasta (stáisiún singil) agus meaisíní aistrithe ilstáisiúin, chun miotal a shaothrú
8458	Deileanna (lena n-áirítear ionaid deileadóireachta) chun miotal a bhaint
8459	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear meaisíní ceannaonaid den chineál a bhíonn ar shleamhnáin) le haghaidh druileála, tollta, muilleála, snáithithe nó tapála trí mhiotal a bhaint, seachas ar dheileanna (lena n-áirítear ionaid deileadóireachta) atá faoi cheannteideal 8458.
8466	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8465 go príomha nó chuige sin, lena n-áirítear coinneálaithe saothair nó uirlise, cinn dísle féinoscailte, cinn a scoilteann agus ceangaltáin speisialta eile le haghaidh na meaisíní; coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le hoibriú le lámh.
8471	Meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha agus aonaid díobh; léitheoirí maighnéadacha nó optúla, meaisíní le haghaidh sonraí a thras-scríobh ar mheáin sonraí i bhfoirm chódaithe agus meaisíní le haghaidh sonraí den sórt sin a phróiseáil, nach bhfuil sonraithe in áit eile
8473	Páirteanna agus gabhálais (seachas clúdaigh, cásanna iompair agus mar sin de) atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní atá faoi cheannteideal 8470 go 8472 go príomha nó chuige sin amháin

Cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC)	Tuairisc:
8479 89 70	Meaisíní suite comhpháirteanna leictreonacha uathoibríocha de chineál a úsáidtear go príomha nó chuige sin amháin chun cóimeálacha ciorcad priontáilte a mhonarú
8481 10	Comhlaí brúlaghdaithe
8481 30	Comhlaí coiscthe (neamhfhillte)
8481 80	Sconnaí, cocaí, comhlaí agus fearais eile le haghaidh píopaí, blaoscanna coire, umair, dabhcha nó a leithéidí, lena n-áirítear comhlaí brúlaghdaithe agus comhlaí teasrialaithe; gan comhlaí brúlaghdaithe, comhlaí le haghaidh tarchuir olahiodrálacha nó neomatacha, comhlaí coiscthe (neamhfhillte) ná comhlaí sábháilteachta nó fuascailte a áireamh
8482	Imthacaí gránacha nó rollacha
8485	Meaisíní chun breiseáin a mhonarú
8486	Meaisíní agus gairis de chineál a úsáidtear go príomha nó chuige sin amháin le haghaidh búil nó sliseoga leathsheoltóra, gairis leathsheoltóra, ciorcaid leictreonacha chomhtháite nó taispeáintí painéil chothrom a mhonarú; Meaisíní agus gairis a shonraítear i Nóta 11(C) a ghabhann le Caibidil 84; páirteanna agus gabhálais
8501	Mótair leictreacha agus gineadóirí (seachas foirne ginte)
8504	Claochladáin leictreacha, tiontairí statacha (mar shampla, coigeartóirí) agus ionduchtóirí
8505	Leictreamaighnéid; buanmhaighnéid agus earraí arna gceapadh le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú; smutáin, clampaí agus gairis choinneála chomhchosúla leictreamaighnéadacha nó buanmhaighnéadacha; cúpláin, crága agus coscáin leictreamaighnéadacha; cinn tógála leictreamaighnéadacha
8506 10	Cealla agus ceallraí dé-ocsaíde mangainéise príomhúla
8506 50	Cealla agus ceallraí litiam príomhúla eile.
8507	Taisc-chealla leictreacha, lena n-áirítear na deighilteoirí a ghabhann leo, bídís dronuilleogach nó ná bídís (cearnógach san áireamh)
8517	Gléasra teileafóin, lena n-áirítear teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang; gairis eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a fháil, lena n-áirítear gairis le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang (lena n-áirítear líonra achair logánta nó líonra achair fhairsing), seachas gairis tarchurtha nó fála atá faoi cheannteideal 8443, 8525, 8527 nó 8528
8518 10	Micreafóin agus seastáin dóibh
8523 49	Meáin optúla; eile
8523 80	Meáin leathsheoltóra; eile.
8524	Painéil chothroma ina modúil taispeána, bíodh scáileáin tadhallíogair iontu nó ná bíodh
8525	Gairis tarchuir le haghaidh craoladh raidió nó teilifíse, bíodh gairis fála nó taifeadta nó atáirgthe fuaime ann nó ná bíodh; ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara
8526	Gairis radair, gairis cúnta radloingseoireachta agus gairis cianrialaithe raidió
8528	Monatóirí agus teilgeoirí nach gcuimsíonn gairis glactha teilifíse; gairis ghlactha le haghaidh teilifíse, bíodh glacadóirí le haghaidh craoltóireacht raidió nó gairis taifeadta nó atáirgthe fuaime nó físe iontu nó ná bíodh
8532	Toilleoirí leictreacha, seasta, inathraithe nó inchoigeartaithe (réamhshocraithe)

Cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC)	Tuairisc:
8533	Friotóirí leictreacha (lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair), seachas friotóirí téimh
8534	Ciorcaid phriontáilte
8535	Gairis leictreonacha chun ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó chun teagmhálacha a dhéanamh ar chiorcaid leictreacha nó iontu (lasca, fiúsanna, coscairí tintrí, teorantóirí voltais, sochtóirí borrtha, plocóidí agus nascóirí eile, comhchumair mar shampla), le haghaidh voltais is mó ná 1 000 V
8536	Gairis eile chun ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó chun naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa agus nascóirí eile, comhchumair mar shampla), le haghaidh voltais nach mó ná 1 000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní optúla nó cáblaí
8537	Cláir, painéil, consóil, deasca, caibinéid agus boinn eile, atá feistithe le dhá ghaireas nó níos mó faoi cheannteideal 8535 nó 8536, le haghaidh rialú leictreach nó dáileadh leictreachais, iad siúd a bhfuil uirlisí nó gairis faoi Chaibidil 90 mar chuid díobh san áireamh, agus gairis rialaithe uimhriúil, seachas gairis lasctha faoi cheannteideal 8517
8538	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis an ngaireas faoi cheannteidil 8535, 8536 nó 8537 go príomha nó chuige sin amháin
8541	Gairis leathsheoltóra (dé-óidí, trasraitheoirí, trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir mar shampla); Gairis leathsheoltóra fótamhothálacha, lena n-áirítear cealla fótavoltacha, bídís cóimeáilte i módúil nó déanta suas i bpainéil nó ná bídís; dé-óidí astaithe solais (LED), bídís cóimeáilte le dé-óidí astaíochta solais nó na bídís (LED); criostail phísileictreacha shuite
8542	Ciorcaid iomlánaithe leictreonacha
8543	Meaisíní agus gairis leictreonacha a bhfuil feidhmeanna ar leith acu nach bhfuil sonraithe nó áirithe in aon áit eile i gcaibidil 85
8544	Sreang inslithe (lena n-áirítear cruanta nó anóidithe), cábla (lena n-áirítear cábla comhaiseacha) inslithe agus seoltóirí leictreacha inslithe eile, bíodh nascóirí feistithe díobh nó ná bíodh; cáblaí snáthoptaice, déanta de shnáithíní i dtruaillí ar leith, bídís cóimeáilte le seoltóirí leictreacha nó feistithe le nascóirí nó ná bíodh
8546	Inslitheoirí leictreacha d'aon ábhar
8548	Páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghaireas, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile i gcaibidil 85
8704	Mótarfheithiclí chun earraí a iompar.
8906	Soithí eile, lena n-áirítear longa cogaidh agus báid tarrthála seachas báid rámhaíochta
9001	Snáithíní optúla agus bearta de shnáithíní optúla; cáblaí snáthoptaice seachas iad sin atá faoi cheannteideal 8544; leatháin agus plátaí d'ábhar polarúcháin; lionsaí (lena n-áirítear lionsaí tadhaill), priosmaí, scátháin agus eilimintí optúla eile, d'aon ábhar, neamhfheistithe seachas eilimintí gloine den chineál sin nach ndearnadh oibriú optúil orthu
9002	Lionsaí, priosmaí, scátháin agus eilimintí optúla eile, d'aon ábhar, feistithe, atá ina bpáirteanna d'uirlisí nó gairis nó atá ina bhfeistithe díobh, seachas eilimintí gloine den sórt sin nach ndearnadh saothrú optúil orthu
9012	Micreascóip seachas micreascóip optúla; Gairis díraonta
9020	Fearais análaithe seachas iad siúd faoi cheannteideal 9019; gásmhaisc, gan maisc chosanta a bhfuil páirteanna meicniúla nó scagairí iontu nach féidir a athsholáthar

Cód Ainmníochta Comhcheangailte (AC)	Tuairisc:
9025 19	Teirmiméadair agus piriméadair nach bhfuil comhcheangailte le huirlisí eile, gan teirmiméadair atá líonta le leacht le haghaidh léamh díreach a áireamh
9025 80	Baraiméadair, nach bhfuil comhcheangailte le huirlisí eile, leictreonacha agus eile, a aicmítear faoi cheannteideal 9025 80.
9027 20	Ionstraimí crómatagraif agus leictreafóiréise
9030	Ascalascóip, anailíseoirí speictrim agus ionstraimí agus gairis eile chun cainníochtaí leictreachais a thomhas nó a sheiceáil, gan na méadair faoi cheannteideal 9028; ionstraimí agus gairis chun radaíochtaí alfa, béite, gáma, X-ghathanna, cosmais nó radaíochtaí ianúcháin eile a thomhas nó a bhrath
9031	Ionstraimí tomhais nó seiceála, fearais agus meaisíní nach sonraítear in aon áit eile i gcaibidil 90; teilgeoirí próifíle
9032	Ionstraimí agus gairis uathoibríocha rialála nó rialaithe

8.12. **Lucsamburg**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

Maidir leis an onnmhaireoir a bhfuil a fhios aige nó a bhfuil amhras air go ndéantar nó gur dócha go ndéanfar díobháil leis an onnmhairiú sin nó leis na táirgí sin do shlándáil náisiúnta nó eachtrach thír Ard-Diúcacht Lucsamburg nó do chosaint chearta an duine, cuirfidh an t-onnmhaireoir sin na hAirí atá freagrach as Trádáil Eachtrach agus as Gnóthaí Eachtracha ar an eolas, a chuirfidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaraithe ar an eolas faoin ngá nó a mhalairt maidir leis an údarú a iarraidh.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018, Airteagal 45 (2)).

8.13. **An Ungáir**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Mír 8/A d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le 'húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide').

8.14 **An Ísiltír**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ag an Aire Gnóthaí Eachtracha ar chúiseanna slándála poiblí, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc, nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Airteagal 4 den Fhoraithne maidir le hEarraí Straitéiseacha – Besluit strategische goederen).

Glacadh rialuithe náisiúnta maidir le honnmhairiú ítimí ar mhaithe le brú faoi chois inmheánach agus seirbhísí bróicéireachta chuig an tSiria agus maidir le honnmhairiú ítimí ar mhaithe le brú faoi chois inmheánach chuig an Éigipt agus chuig an Úcráin.

(Foraithne um Earraí Dé-Úsáide – Regeling goederen voor tweeërlei gebruik).

Forchuireadh ceanglais údarúcháin maidir le honnmhairiú 37 shubstaint cheimiceacha chuig an Iaráic, gan beann ar an gcoinsíní nó ar an úsáideoir deiridh sonrach.

(Foraithne um Earraí Dé-Úsáide chuig an Iaráic – Regeling goederen voor tweeërlei gebruik Irak).

Forchuireadh ceanglais údarúcháin maidir le hardtrealamh monaraithe leathsheoltóra a onnmhairiú.

(Ordú maidir le hArdtrealamh Monaraithe Leathsheoltóra - Regeling geavanceerde productieapparatuur voor halfgeleiders).

8.15. **An Ostair**

Féadfaidh onnmhairiú nó idirthuras ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Roinn 20 den Acht um Thrádáil Eachtrach 2011 (Außenwirtschaftsgesetz 2011, BGBl. I Uimh. 26/2011)).

8.16. **An Rómáin**

Maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán ach atá faoi réir an chórais rialaithe onnmhairí i gcomhréir le forálacha Airteagal 9, beidh údarú aonair onnmhairiúcháin ag teastáil ina leith.

(Sliocht ó Airteagal 10(1) de GO 43/2022 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide).

8.17. **An tSlóivéin**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

(Airteagal 4(3) den Acht lena Rialaítear Rialú Onnmhairiúcháin Ítimí Dé-Úsáide (Zakon o nadzoru izvoza blaga z dvojno rabo (Uradni list RS, št. 37/04, 8/10 in 29/23).

8.18. **An Fhionlainn**

Tá onnmhairiú ítimí dé-úsáide a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dlí náisiúnta (500/2024) faoi réir údarú onnmhairiúcháin. Cuireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 ón gCoimisiún in ionad gach ítim seachas 3A901.c, 3E901 a mhéid a bhaineann sé le 3A901.c, 4A902 agus 4E902.

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán nó san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dlí náisiúnta a bheith faoi réir údarú má tá siad ceaptha, nó má d'fhéadfaidís a bheith ceaptha, le haghaidh úsáid a chuireann an tslándáil phoiblí nó slándáil náisiúnta na Fionlainne i mbaol go mór.

(Mír 6(4) agus 7 d'Acht Uimh. 500/2024).

8.19. **An tSualainn**

Féadfaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide nach liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán a bheith faoi réir údarú nó toirmiscthe ar chúiseanna slándála poiblí nó chun ceisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur san áireamh.

Glacadh rialuithe náisiúnta ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217).

9. **FAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 11(5) DEN RIALACHÁN (AISTRITHE LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL)**

Leagtar síos le hAirteagal 11(5) den Rialachán maidir leis na Ballstáit a fhorchuireann ceanglas údarúcháin maidir le haistriú ítimí óna gcríoch go Ballstát eile ar ítimí iad nach liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán (liostaítear in Iarscríbhinn IV ítimí nach dtairbhíonn de shaoirse gluaiseachta sa mhargadh aonair), nach mór do na Ballstáit sin an Coimisiún a chur ar an eolas, agus nach mór don Choimisiún an fhaisnéis sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil bearta sonracha déanta chun síneadh a chur le rialuithe maidir le haistriú laistigh den Aontas de bhun Airteagal 11(2)?
AN BHEILG	TÁ i bpáirt
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	TÁ
AN DANMHAIRG	NÍL

An Ballstát	An bhfuil bearta sonracha déanta chun síneadh a chur le rialuithe maidir le haistriú laistigh den Aontas de bhun Airteagal 11(2)?
AN GHEARMÁIN	TÁ
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	TÁ
AN GHRÉIG	TÁ
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	TÁ
AN IODÁIL	NÍL
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	TÁ
AN UNGÁIR	TÁ
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	TÁ
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	TÁ

9.1. **An Bheilg**

I Réigiún Fhlóndras, féadfar ceanglas údarúcháin maidir le haistrithe laistigh den Aontas a fhorchur le cinneadh Aireachta i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán. Níor úsáideadh an fhéidearthacht sin ar dháta an fhoilseacháin seo go fóill.

(Airteagal 4, an dara mír, d'Fhoraithne Rialtas Fhlóndras an 19 Nollaig 2025 lena rialaítear onnmhairiú, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil a sholáthar (Iris Oifigiúil na Beilge an 26 Eanáir 2026).

9.2. **An Bhulgáir**

Chuir an Bhulgáir síneadh le rialuithe maidir le haistriú laistigh den Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán agus thug ceanglas isteach maidir le tuilleadh faisnéise a sholáthar do na húdaráis inniúla maidir le haistrithe áirithe laistigh den Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 11(8) den Rialachán.

(Airteagal 51, míreanna 8 agus 9 den Acht um Rialú Onnmhairiúcháin maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

9.3. **Poblacht na Seice**

Le hAcht Uimh. 594/2004 Coll., cuirtear síneadh le rialuithe i ndáil le haistrithe laistigh den Aontas ó Phoblacht na Seice mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.4. **An Ghearmáin**

Le Roinn 11 den Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (*Aussenwirtschaftsverordnung - AWV*), cuirtear síneadh le rialuithe i ndáil le haistrithe laistigh den Aontas ón nGearmáin mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.5. **An Eastóin**

Leis an Acht um Earraí Straitéiseacha §3(6), cuirtear síneadh le rialuithe i ndáil le haistrithe laistigh den Aontas mar a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.6. **Éire**

Ní fhéadfaidh duine, gan údarú, ítim dé-úsáide nach sonraítear in Iarscríbhinn IV a aistriú ón Stát chuig Ballstát eile i gcás inarb eol dó, nó i gcás inar chuir an t-údarás inniúil in iúl dó, go bhfuil feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna (a), (b) agus (c) d'Airteagal 11(2) den Rialachán maidir leis an ítim sin.

(An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023, Roinn 20, Oibleagáidí faoi Airteagal 11, arna thosú an 23 Lúnasa 2024.).

9.7. **An Ghréig**

Le Roinn 3.4 de Chinneadh Aireachta Uimh. 121837/E3/21837 an 28 Meán Fómhair 2009, cuirtear síneadh le rialuithe i ndáil le haistrithe laistigh den Aontas ón nGréig mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.8. **An Chróit**

Féadfar ceanglas údarúcháin maidir le haistrithe laistigh den Aontas a fhorchur i gcásanna aonair i ndáil le hítimí dé-úsáide.

(Airteagal 4(2) den Acht um Rialú ítimí dé-úsáide IO 83/2023)

9.9. **Lucsamburg**

Féadfar ceanglas údarúcháin a fhorchur maidir le haistriú ítimí dé-úsáide, seachas na hítimí dé-úsáide sin a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán, ó chríoch Ard-Diúcacht Lucsamburg go Ballstát eile sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) den Rialachán.

(Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairiúcháin, Airteagal 44).

9.10. **An Ungáir**

Le mír 16 d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 'maidir le húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide', glactar ceanglas ceadúnúcháin maidir le hítimí dé-úsáide a liostaítear le haghaidh a n-aistrithe laistigh den Aontas má tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.11. **An Ísiltír**

Féadfar ceanglas údarúcháin maidir le haistrithe laistigh den Aontas a fhorchur i gcásanna aonair i ndáil le hítimí dé-úsáide.

(Airteagal 4a(2) den Fhoraithne maidir le hEarraí Straitéiseacha – Besluit strategische goederen).

9.12. **An tSlóvaic**

Le mír 23(2) d'Acht Uimh. 39/2011 Coll., cuirtear síneadh le rialuithe i ndáil le haistrithe laistigh den Aontas ó Phoblacht na Slóvaice, mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán.

9.13. **An Fhionlainn**

Cuireann an Aireacht Gnóthaí Eachtracha aistriú ítimí dé-úsáide ón bhFionlainn chuig Ballstát eile den Aontas Eorpach faoi réir údarú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán.

(mír 6(3) d'Acht Uimh. 500/2024).

9.14. **An tSualainn**

Féadfar ceanglas údarúcháin le haghaidh aistrithe laistigh den Aontas a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán maidir le hítimí dé-úsáide más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don oibreoir go bhfuil na coinníollacha in Airteagal 11(2)(a – b) comhlíonta.

I gcás ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán, ní fhéadfar ceanglas údarúcháin le haghaidh aistrithe laistigh den Aontas a fhorchur ach amháin más rud é gur chuir an t-údarás inniúil in iúl don oibreoir go bhfuil na hítimí ceaptha, nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán.

Más eol d'oibreoir go bhfuil na hítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán agus atá beartaithe acu a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 11(2), ceaptha nó go bhféadfaidís a bheith ceaptha le haghaidh aon cheann de na húsáidí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán, tabharfaidh an t-oibreoir fógra don údarás inniúil, agus féadfaidh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh ceanglas údarúcháin a fhorchur.

(Roinn 4 e den Reacht maidir le Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1217)).

10. **FAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 11(8) DEN RIALACHÁN (AISTRITHE LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL)**

Leagtar síos le hAirteagal 11(8) den Rialachán go bhféadfaidh Ballstát a cheangal, maidir le hítimí a aistriú óna chríoch go Ballstát eile ar ítimí iad a liostaítear i gCatagóir 5, Cuid 2 d'Iarscríbhinn I, nach liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán iad, go soláthrófar tuilleadh faisnéise a bhaineann leis na hítimí sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil bearta sonracha déanta chun faisnéis bhreise a éileamh maidir le míreanna sonracha de bhun Airteagal 11(8)?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	NÍL
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	NÍL
AN IODÁIL	NÍL
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	TÁ

An Ballstát	An bhfuil bearta sonracha déanta chun faisnéis bhreise a éileamh maidir le míreanna sonracha de bhun Airteagal 11(8)?
AN UNGÁIR	NÍL
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	NÍL
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	NÍL
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	NÍL
AN tSUALAINN	NÍL

10.1. **An Bhulgáir**

Maidir le hítimí a aistriú ó Phoblacht na Bulgáire go críoch Ballstát eile ar ítimí dé-úsáide iad a liostaítear i gCatagóir 5, Cuid 2 d'Iarscríbhinn I agus nach liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán, féadfaidh an Coimisiún Idiraireachta tuilleadh faisnéise a bhaineann leis na hítimí a cheangal ón duine a dhéanann an t-aistriú.

(Airteagal 51(9) den Acht um Rialú Onnmhairí maidir le Táirgí a Bhaineann le Cosaint agus Ítimí agus Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide, (arna leasú - Iris Stáit Uimh. 41/2024, éifeachtach ón 10.5.2024)).

10.2. **Lucsamburg**

Maidir le hítimí a aistriú ó Ard-Diúcacht Lucsamburg go críoch Ballstát eile ar ítimí dé-úsáide iad a liostaítear i gCatagóir 5, Cuid 2 d'Iarscríbhinn I agus nach liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán, soláthrófar an fhaisnéis bhreise seo a leanas faoi chuimsiú an iarratais údarúcháin:

1. Léiriú ar thagairt tráchtála na hítime, tuairisc ghinearálta uirthi agus ar na gnéithe ginearálta a bhaineann léi;
2. Cur i láthair na seirbhísí cripteolaíochta atá le soláthar;
3. Cur i láthair chur chun feidhme na n-algartam;
4. Cur i láthair na norm nó na gcaighdeán slándála;
5. Cur i láthair an chineáil sonraí a bhaineann leis an tseirbhís;
6. Doiciméad a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla na hítime (in 12 phointe)

(Rialachán an Ard-Diúic an 14 Nollaig 2018, Airteagal 10(1), mír 1 fomhír 2° agus mír 2 fomhír 4°, agus Iarscríbhinn 15).

11. **FAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 12(6)(B) DEN RIALACHÁN (ÚDARUITHE NÁISIÚNTA GINEARÁLTA ONNMHAIRIÚCHÁIN)**

Le hAirteagal 12(6)(b) den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún bearta a fhoilsiú ar bearta iad a dhéanann na Ballstáit i ndáil le haon údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin a eisítear nó a mhodhnaítear.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil do Bhallstát tar éis aon údarú náisiúnta ginearálta onnmhairiúcháin a eisiúint nó a mhodhnú de bhun Airteagal 12(6)?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	NÍL
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	TÁ
AN GHEARMÁIN	TÁ
AN EASTÓIN	NÍL
ÉIRE	NÍL
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	TÁ
AN CHRÓIT	TÁ (ach NÍL sé in úsáid)
AN IODÁIL	TÁ
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	NÍL
LUCSAMBURG	NÍL
AN UNGÁIR	NÍL
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	TÁ
AN OSTAIR	TÁ
AN PHOLAINN	TÁ
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	NÍL
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	TÁ
AN tSUALAINN	NÍL

11.1. **An Danmhairg**

Tá trí Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin i bhfeidhm sa Danmhairg

DK-GNT2	chun earraí dé-úsáide áirithe a onnmhairiú chuig úsáideoirí deiridh áirithe san Úcráin
DK-GNT3	chun earraí dé-úsáide áirithe a onnmhairiú chuig an nGraonlainn
DK-GNT4	chun aistriú earraí dé-úsáide áirithe laistigh den Aontas Eorpach

11.2. **An Ghearmáin**

Tá 13 Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin i bhfeidhm sa Ghearmáin:

1	Údarú Ginearálta Uimh. 12 maidir le hearraí áirithe dé-úsáide faoi thairseach áirithe luacha a onnmhairiú;
2	Údarú Ginearálta Uimh. 13 maidir le hearraí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú in imthosca áirithe;
3	Údarú Ginearálta Uimh. 14 maidir le malartóirí teasa, comhlaí agus caidéil;
4	Údarú Ginearálta Uimh. 16 maidir le hítimí teileachumarsáide agus slándála sonraí a onnmhairiú;
5	Údarú Ginearálta Uimh. 17 maidir le hathróirí minicíochta a onnmhairiú.
6	Údarú Ginearálta Uimh. 32 chun ítimí dé-úsáide áirithe a onnmhairiú chuig an Úcráin (cé is moite de limistéir nach bhfuil á rialú ag rialtas na hÚcráine) chuig (i) gníomhaireachtaí stáit, institiúidí agus eagraíochtaí de chuid rialtas na hÚcráine, (ii) gníomhaireachtaí áirithe cabhrach daonnúla, (iii) ionadaithe áirithe meán, oibrithe cabhrach daonnúla, oibrithe forbartha agus pearsanra sannta do na daoine sin, dá n-úsáid féin amháin
7	Údarú Ginearálta Uimh. 37 maidir le hearraí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú go dtí cinn scríbe áirithe
8	Údarú Ginearálta Uimh. 38 maidir le bogearraí áirithe a onnmhairiú go dtí cinn scríbe áirithe
9	Údarú Ginearálta Uimh. 39 maidir le hítimí áirithe a rialaítear le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 a aistriú laistigh den Aontas
10	Údarú Ginearálta Uimh. 40 maidir le ceimiceáin áirithe a onnmhairiú go dtí cinn scríbe áirithe
11	Údarú Ginearálta Uimh. 41 maidir le páirteanna spártha a onnmhairiú a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 faoi choinníollacha áirithe
12	Údarú Ginearálta Uimh. 43 maidir le hearraí áirithe dé-úsáide a ath-onnmhairiú go dtí tíortha áirithe
13	Údarú Ginearálta Uimh. 44 d'onnmhairí áirithe trí mheán leictreonach (ITT)

11.3. **An Fhrainc**

Tá ocht nÚdarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin i bhfeidhm sa Fhrainc:

1	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le hearraí tionsclaíocha, mar a shainmhínítear i bhforaithne an 18 Iúil 2002 a bhaineann le honnmhairiú earraí tionsclaíocha faoi réir rialú straitéiseach sa Chomhphobal Eorpach [mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* Uimh. 176 an 30 Iúil 2002 (téacs 11) agus arna leasú le foraithne an 21 Meitheamh 2004 a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* an 31 Iúil 2004 (téacs 5)];
2	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le táirgí ceimiceacha, mar a shainmhínítear i bhforaithne an 18 Iúil 2002 a bhaineann le honnmhairiú táirgí ceimiceacha dé-úsáide [mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* Uimh. 176 an 30 Iúil 2002 (téacs 12) agus arna leasú le foraithne an 21 Meitheamh 2004 a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* an 31 Iúil 2004 (téacs 6)];
3	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le graifít, mar a shainmhínítear i bhforaithne an 18 Iúil 2002 a bhaineann le honnmhairiú graifíte de cháilíocht núicléach [mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* Uimh. 176 an 30 Iúil 2002 (téacs 13) agus arna leasú le foraithne an 21 Meitheamh 2004 a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* an 31 Iúil 2004 (téacs 7)];
4	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le táirgí bitheolaíocha, mar a shainmhínítear i bhforaithne an 14 Bealtaine 2007 agus arna leasú le foraithne an 18 Márta 2010 a bhaineann le honnmhairiú dúl géiniteach agus orgánach géinmhodhnaithe áirithe [mar a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* an 20 Márta 2010];

5	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le hítimí dé-úsáide áirithe d'fhórsaí armtha na Fraince i dtríú tíortha (Ordú ón Aire an 31 Iúil 2014, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na Fraince an 8 Lúnasa 2014);
6	Údarú Náisiúnta Ginearálta maidir le honnmhairiú nó le haistriú ítimí dé-úsáide áirithe laistigh den Aontas le haghaidh taispeántais nó aonaigh (Ordú ón Aire an 31 Iúil 2014 arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil na Fraince an 8 Lúnasa 2014).
7	Údarú Náisiúnta Ginearálta maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide áirithe chun aerárthaí sibhialta a dheisiú, a thugtar Údarú Náisiúnta Ginearálta maidir le 'trealamh aerloingseoireachta' air freisin (Ordú ón Aire an 14 Eanáir 2019 arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince* an 18 Eanáir 2019 (téacs 19).
8	Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin Náisiúnta le haghaidh onnmhairiú ítimí dé-úsáide ar luach íseal (Ordú Aireachta an 25 Meitheamh 2021 arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince an 25 Iúil 2021 – Téacs 11).

Leagtar na hítimí sonracha a chumhdaítear leis na húdaraithe amach sna foraitheanta ábhartha.

11.4. **An Chróit**

Féadfaidh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin a eisiúint maidir le hítimí dé-úsáide a onnmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 12(6) den Rialachán.

(Airteagal 11(4) den Acht um Rialú Ítimí Dé-Úsáide IO 83/2023).

11.5. **An Iodáil**

Tá feidhm ag Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le hítimí áirithe dé-úsáide a onnmhairiú chuig na cinn scríbe a leanas: Antartaice (bunáiteanna na hIodáile), an Airgintín, Poblacht na Cóiré, an Tuirc.

(Foraithne an 4 Lúnasa 2003 arna foilsiú in Iris Oifigiúil Uimh. 202 an 1 Meán Fómhair 2003).

11.6. **An Ísiltír**

Tá Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin amháin i bhfeidhm san Ísiltír:

	Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin maidir le hítimí le haghaidh slándáil faisnéise a onnmhairiú chuig gach ceann scríbe, cé is moite de na tíortha seo a leanas: — Tíortha atá faoi réir trádbhac arm, de réir Airteagal 2(19) den Rialachán; — An Afganastáin, an Airméin, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhanglaidéis, an Bhurúin, an tSín (lena n-áirítear an Téaváin, Hong Cong agus Macau), Cúba, Djibouti, an Éigipt, an Ghuine Mheánchiorclach, an Aetóip, an Ghaimbia, an Ghuine (Conacraí), Guine Bissau, an India, an Iosrael, Éimin, an Chasacstáin, Cuáit, Laos, an Úcráin, an Úisbéiceastáin, Óman, an Phacastáin, Catar, Ruanda, an Araib Shádach, an tSuasalainn, an tSiria, an Táidsíceastáin, an Téalainn, an Tuirc, an Tuircméanastáin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Vítneam. (Údarú Náisiúnta Ginearálta NL010 - Nationale Algemene Uitvoervergunning NL 010 (*items voor informatiebeveiliging*))

11.7. **An Ostair**

Tá trí Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin i bhfeidhm san Ostair:

1	AT002 maidir le hearraí áirithe dé-úsáide faoi thairseach áirithe luacha a onnmhairiú;
2	AT003 maidir le comhlaí agus le caidéil a shonraítear in iontrálacha 2B350g agus 2B350i go dtí cinn scríbe áirithe;
3	AT004 maidir le hathróirí minicíochta a shonraítear in iontráil 3A225 agus bogearraí gaolmhara agus teicneolaíocht ghaolmhar.

Leagtar mionsonraí na n-údaraithe sin amach in Ranna 3a go dtí 3c den Chéad Reacht maidir le Trádáil Eachtrach, BGBl. II Uimh. 343/2011 an 28 Deireadh Fómhair 2011 arna leasú le hOrdanáis BGBl. II Uimh. 430/2015 an 17 Nollaig 2015. Is féidir coinníollacha maidir lena n-úsáid (clárú agus ceanglais fógartha) a fháil i Roinn 16 den Reacht céanna.

11.8. **An Pholainn**

Tá feidhm ag Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin 'ZG-PL-DU-1' maidir le hítimí dé-úsáide a onnmhairiú a shonraítear in iontráil 9A012a1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Úcráin.

(Rialachán ón Aire Forbartha agus Teicneolaíochta um Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin (Iris Dlíthe 2022, mír 1567, arna leasú).

11.9. **An Fhionlainn**

Rinne an Aireacht Gnóthaí Eachtracha Údarú Náisiúnta Ginearálta Onnmhairiúcháin F1001 a eisiúint maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dlí náisiúnta (500/2024) i gcomhréir le hAirteagal 12(6) den Rialachán de bhun roinn 8 d'Acht Uimh. 500/2024.

12. **FAISNÉIS ARNA CUR AR FÁIL AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 22 DEN RIALACHÁN (OIFIGÍ CUSTAIM ARNA gCUMHACHTÚ GO SPEISIALTA)**

Le hAirteagal 22 den Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas má bhain siad úsáid as an rogha na foirmiúlachtaí custaim maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide a chur i gcrích ag oifigí custaim arna gcumhachtú chuige sin agus ag na hoifigí sin amháin.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith. Soláthraítear mionsonraí maidir leis na bearta ina dhiaidh sin.

An Ballstát	An bhfuil oifigí custaim sonracha ainmnithe, i gcomhréir le hAirteagal 22(1), ina bhféadfar foirmiúlachtaí custaim maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide a chur i gcrích?
AN BHEILG	NÍL
AN BHULGÁIR	TÁ
POBLACHT NA SEICE	NÍL
AN DANMHAIRG	NÍL
AN GHEARMÁIN	NÍL
AN EASTÓIN	TÁ
ÉIRE	NÍL
AN GHRÉIG	NÍL
AN SPÁINN	NÍL
AN FHRAINC	NÍL
AN CHRÓIT	NÍL
AN IODÁIL	NÍL
AN CHIPIR	NÍL
AN LAITVIA	NÍL
AN LIOTUÁIN	TÁ
LUCSAMBURG	NÍL

An Ballstát	An bhfuil oifigí custaim sonracha ainmnithe, i gcomhréir le hAirteagal 22(1), ina bhféadfar foirmiúlachtaí custaim maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide a chur i gcrích?
AN UNGÁIR	NÍL
MÁLTA	NÍL
AN ÍSILTÍR	NÍL
AN OSTAIR	NÍL
AN PHOLAINN	TÁ
AN PHORTAINGÉIL	NÍL
AN RÓMÁIN	TÁ
AN tSLÓIVÉIN	NÍL
AN tSLÓVAIC	NÍL
AN FHIONLAINN	NÍL
AN tSUALAINN	NÍL

12.1. **An Bhulgáir**

Rinne Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta Custaim oifigí custaim críochacha Phoblacht na Bulgáire le haghaidh hearraí straitéiseacha a fhormheas faoi Ordú ón Aireacht Airgeadais Uimh. 3AM-324/32-54835 an 17 Feabhra 2022 (Iris Oifigiúil 16/2022). Is féidir liosta a fháil ar an suíomh gréasáin a leanas de na hoifigí custaim sa Bhulgáir trína bhféadfaidh ítimí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide críoch chustaim an Aontais a fhágáil nó teacht isteach inti: https://customs.bg/wps/portal/agency/regulations/customs-legislation

12.2. **An Eastóin**

Is féidir liosta a fháil ar an suíomh gréasáin a leanas de na hoifigí custaim san Eastóin trína bhféadfaidh ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí críoch chustaim an Aontais a fhágáil nó teacht isteach inti:

http://www.emta.ee/index.php?id=24795

12.3. **An Liotuáin**

Is féidir liosta a fháil ar an suíomh gréasáin a leanas de na hoifigí custaim sa Liotuáin trína bhféadfaidh ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí críoch chustaim an Aontais a fhágáil nó teacht isteach inti:

https://www.lrmuitine.lt/web/guest/verslui/apribojimai/bendra#en

12.4. **An Pholainn**

Is féidir liosta a fháil ar an suíomh gréasáin a leanas de na hoifigí custaim sa Pholainn trína bhféadfaidh ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí críoch chustaim an Aontais a fhágáil nó teacht isteach inti: http://isap.sejm.gov.pl/DetailsServlet?id=WDU20150000136&min=1

12.5. **An Rómáin**

Is féidir liosta a fháil ar an suíomh gréasáin a leanas de na hoifigí custaim sa Rómáin trína bhféadfaidh ítimí dé-úsáide agus teicneolaíochtaí críoch chustaim an Aontais a fhágáil nó teacht isteach inti: https://www.customs.ro/agenti-economici/instruirea-operatorilor-economici/vamuirea-marfurilor/produse-strategice

13. **FAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAIL 23(1)(A) DEN RIALACHÁN (ÚDARÁIS NÁISIÚNTA ARNA gCUMHACHTÚ CHUN NA NITHE A LEANAS A DHÉANAMH: ÚDARUITHE ONNMHAIRIÚCHÁIN A DHEONÚ LE hAGHAIDH ÍTIMÍ DÉ-ÚSÁIDE; ÚDARUITHE A DHEONÚ FAOIN RIALACHÁN CHUN SEIRBHÍSÍ BRÓICÉIREACHTA AGUS CÚNAMH TEICNIÚIL A SHOLÁTHAR; IDIRTHURAS ÍTIMÍ DÉ-ÚSÁIDE NEAMH-AONTAIS A THOIRMEASC FAOIN RIALACHÁN)**

Le hAirteagal 23(1)(a) den Rialachán ceanglaítear ar an gCoimisiún liosta a fhoilsiú de na húdaráis a chumhachtaítear chun na nithe a leanas a dhéanamh:

— údaruithe onnmhairiúcháin a dheonú le haghaidh ítimí dé-úsáide;

— údaruithe a dheonú faoin Rialachán chun seirbhísí bróicéireachta agus cúnamh teicniúil a sholáthar;

— idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Aontais a thoirmeasc faoin Rialachán).

13.1. **An Bheilg**

Le haghaidh Réigiún Phríomhchathartha na Bruiséile (ceantair a bhfuil cóid poist 1000 go 1299 acu)

Service public régional de Bruxelles - Brussels International-
Cellule licences - Cel vergunningen
An tUasal Cataldo ALU
Iris Tower, Place Saint-Lazare 2 Sint-Lazarusplein, 1035 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Teil.: +32 2 8003727
R-phost: calu@sprb.brussels
Suíomh gréasáin: https://du-arms.brussels

Le haghaidh Réigiún na Vallúine (ceantair a bhfuil cóid poist 1300 go 1499 agus 4000 go 7999 acu)

Service public de Wallonie
Direction Générale de l'Économie, de l'Emploi et de la Recherche
Direction des Licences d'Armes
Boulevard Cauchy 43-45, 5000 Namur
BELGIQUE
Teil. +32 81237640
Ríomhphost: double.usage@spw.wallonie.be
Suíomh gréasáin: Armes et biens et technologies à double usage - L'économie en Wallonie

Le haghaidh Réigiún Fhlóndras (ceantair a bhfuil cóid poist 1500 go 3999 agus 8000 go 9999 acu)

Flanders Chancellery and Foreign Office
Strategic Goods Control Unit
Seoladh poist amháin: Koning Albert II-laan 15 bus 214, 1210 Brussel
BELGIË
Ríomhphost: csg@vlaanderen.be
Suíomh gréasáin: www.fdfa.be/csg

13.2. **An Bhulgáir**

Interministerial Commission for Export Control and Non-Proliferation of Weapons of Mass Destruction with the Minister for Economy and Industry
8 Slavyanska Street, 1000 Sofia
AN BHULGÁIR
Teil. +359 29407030
Facs +359 29880727
Ríomhphost: l.chotov@mi.government.bg and exportcontrol@mi.government.bg
Suíomh gréasáin: https://exportcontrol.mi.government.bg; http://www.mi.government.bg

13.3. **Poblacht na Seice**

Ministry of Industry and Trade Licensing Office
Na Františku 32 110 15 Prague 1
POBLACHT NA SEICE
Teil. +420 224907638
Facs +420 224214558 nó +420 224221811
R-phost: leitgeb@mpo.cz nó dual@mpo.cz
Suíomh gréasáin: www.mpo.cz

13.4. **An Danmhairg**

Exportcontrols Danish Business Authority
Langelinie Allé 17, 2100 Copenhagen
AN DANMHAIRG
Teil.: +45 3529 1000
Facs +45 3546 6632
R-phost: eksportkontrol@erst.dk
Suíomh gréasáin: sa Bhéarla: https://eksportkontrol.erhvervsstyrelsen.dk/english; sa Danmhairgis: https://eksportkontrol.erhvervsstyrelsen.dk

13.5. **An Ghearmáin**

Federal Office for Economic Affairs and Export Control *(Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle)*
Frankfurter Strasse 29-35 65760 Eschborn
AN GHEARMÁIN
Teil. +49 6196908-0
Facs +49 6196908-1800
R-phost: ausfuhrkontrolle@bafa.bund.de
Suíomh gréasáin: http://www.bafa.de/Ausfuhr

13.6. **An Eastóin**

Strategic Goods Commission,
Ministry of Foreign Affairs
Islandi väljak 1, 15049 Tallinn
AN EASTÓIN
Teil. +372 6377192
Facs +372 6377199
R-phost: stratkom@vm.ee
Suíomh gréasáin: sa Bhéarla: http://www.vm.ee/?q=en/taxonomy/term/58;
san Eastóinis: http://www.vm.ee/?q=taxonomy/term/50

13.7. **Éire**

An tAonad Rialála Trádála agus Scagtha Infheistíochta
An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta
1 Ionad Phort an Iarla, Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 PW01
ÉIRE
Teil. +353 16312328
Ríomhphost: exportcontrol@enterprise.gov.ie
Suíomh gréasáin: https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/trade-investment/export-controls/

13.8. **An Ghréig**

Ministry of Foreign Affairs
General Secretariat of International Economic Relations and Openness
B6 Directorate for Multilateral Economic Relations and Trade Policy
Zalokosta str. 10, 106 71 Athens
AN GHRÉIG
Teil. +30 2103682785 , -2786 ,- 2762 , -2758
Ríomhphost: db6@mfa.gr db6.licences@mfa.gr
Suíomh gréasáin: https://www.mfa.gr https://agora.mfa.gr

13.9. **An Spáinn**

Is iad Ardrúnaíocht na Trádála Eachtraí (Secretaría General de Comercio Exterior), an Roinn Custaim (Agencia Tributaria - Aduanas) agus Aireacht na hOifige Eachtraí (Ministerio de Asuntos Exteriores, Unión Europea y Cooperación) na húdaráis a chumhachtaítear chun ceadúnais a dheonú agus cinneadh a dhéanamh idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Chomhphobail a thoirmeasc.

Pointe teagmhála san Oifig Ceadúnúcháin: An tUasal. Ramón Muro Martínez. Fo-Ardstiúrthóir.
Ministerio de Industria, Comercio y Turismo
Paseo de la Castellana, 162, 7a 28046 Maidrid
AN SPÁINN
Teil. +34 913492587
Facs +34 913492470
R-phost: rmuro@mincotur.es; sgdefensa.sscc@comercio.mineco.es
Suíomh gréasáin: https://comercio.gob.es/ImportacionExportacion/Informes_Estadisticas/Paginas/Hitorico_Material_Defensa.aspx

13.10. **An Fhrainc**

Ministère de l'Économie, des Finances et de la Souveraineté industrielle, énergétique et numérique
Direction Générale des Entreprises
Service des biens à double usage (SBDU)
67, rue Barbès – BP 80001, 94201 Ivry-sur-Seine Cedex
AN FHRAINC
Teil. +33 1 79 84 34 19
R-phost: doublusage@finances.gouv.fr
Suíomh gréasáin: https://www.entreprises.gouv.fr/biens-double-usage

13.11. **An Chróit**

Ministry of Foreign and European Affairs
Directorate for Economic Affairs and Development Cooperation
Export Control Division
Trg N. Š. Zrinskog 7-8, 10000 Zagreb
AN CHRÓIT
Teil: +385 1. +385 1 , 4598 123 4598 122
Facs: +385 1 4597 788
R-phost: kontrola.izvoza@mvep.hr
Suíomh gréasáin: https://mvep.gov.hr/o-hrvatskom-izvozu/kontrola-izvoza/export-control/245193

13.12. **An Iodáil**

Ministry of Foreign Affairs and International Cooperation
National Authority - UAMA (Unit for the Authorizations of Armament Materials) Piazzale della Farnesina 1, 00135 Rome
AN IODÁIL
Teil. +39 06 3691 2853 - 5332 - 3171 - 2932
R-phost: uama.dualuse@esteri.it ; uama.dualuse@cert.esteri.it
An tIdirlíon: https://urldefense.com/v3/__https://www.esteri.it/it/diplomazia-economica-e-politica-commerciale/uama/__;!!DOxrgLBm!B_3P93MLapDL-peQO-Rffyfmfm9OIXCf3NZ_ofn-6bhHh9JocciZpEvg5qimHIeJCK29MtcgBrKHewo0oEpF7ArbjwF4jKo$

13.13. **An Chipir**

Ministry of Energy, Commerce and Industry
6, Andrea Araouzou, 1421 Nicosia
AN CHIPIR
Teil. +357 22867100, 22867197
Facs +357 22375120, 22375443
R-phost: pevgeniou@meci.gov.cy
Suíomh gréasáin: https://www.trade.gov.cy/en/sections/export-licenses-of-strategic-items;

13.14. **An Laitvia**

Control Committee for Strategic Goods
Chairman of the Committee: An tUasal Andris Pelšs
Executive Secretary: An tUasal Nauris Rumpe
Ministry of Foreign Affairs
3, K. Valdemara street, Riga, LV-1395
AN LAITVIA
Teil. +371 67016426
R-phost: nauris.rumpe@mfa.gov.lv
Suíomh gréasáin: https://www.mfa.gov.lv/tautiesiem-arzemes/aktualitates-tautiesiem/20440-strategiskas-nozimes-precu-kontrole?lang=lv-LV

13.15. **An Liotuáin**

Údarás a chumhachtaítear chun údaruithe onnmhairiúcháin a dheonú le haghaidh ítimí dé-úsáide agus údaráis a chumhachtaítear chun údaruithe a dheonú chun seirbhísí bróicéireachta, cúnamh teicniúil agus aistriú a sholáthar:

Ministry of Economy and Innovation of the Republic of Lithuania
Gedimino ave. 38, LT-01104 Vilnius
AN LIOTUÁIN
Sonraí teagmhála:
Strategic Goods and Sanctions Policy Directorate
Teil. +370 65906035, +370 65915769
R-phost: vienaslangelis@eimin.lt
Suíomh gréasáin: http://eimin.lrv.lt/lt/veiklos-sritys/eksportas/strateginiu-prekiu-kontrole

Údarás a chumhachtaítear chun idirthuras ítimí dé-úsáide neamh-Chomhphobail a thoirmeasc:

Customs Department under the Ministry of Finance of the Republic of Lithuania
A. Jaksto Sráid. 1/25 LT-01105 Vilnias
AN LIOTUÁIN
Sonraí teagmhála:
Customs Criminal Service
Teil. +370 52616960
R-phost: budetmd@lrmuitine.lt

13.16. **Lucsamburg**

Ministry of Foreign and European Affairs, Defence, Development Cooperation and Foreign Trade
Office for Export, Import and Transit Controls (OCEIT)
9, rue du Palais de Justice, L-1841 Luxembourg
LUCSAMBURG
Teil. (+352) 247 74114
Ríomhphost: oceit@mae.etat.lu
Suíomh gréasáin: https://guichet.public.lu/fr/entreprises/import-export/licences.html

13.17. **An Ungáir**

Government Office of the Capital City Budapest
Department of Trade, Defence Industry, Export Control and Precious Metal Assay
Export Control Unit
Németvölgyi út 37-39, 1124 Budapest
AN UNGÁIR
Teil. +36 14585577
Facs +36 14585869
R-phost: exportcontrol@bfkh.gov.hu
Suíomh gréasáin: http://mkeh.gov.hu/haditechnika/kettos_felhasznalasu

13.18. **Málta**

Commerce Department Mr Brian Montebello Trade Services
MÁLTA
Teil. +356 25690214
Facs +356 21240516
R-phost: brian.montebello@gov.mt
Suíomh gréasáin: https://commerce.gov.mt/en/trade-related-services-and-projects-directorate/dual-use-trade-controls/

13.19. **An Ísiltír**

Ministry for Foreign Affairs
Directorate-General for Foreign Economic Relations
International Trade Policy and Economic Governance Department
PO Box 20061 2500 EB The Hague
AN ÍSILTÍR
Teil. +31 (0)703486486
Suíomh gréasáin: www.rijksoverheid.nl/exportcontrole
Dutch Customs/Central Office for Import and Export
PO Box 30003 9700 RD Groningen
AN ÍSILTÍR
Teil.: +31 8815121228 881512122
Ríomhphost : https://www.berichtenbox.antwoordvoorbedrijven.nl
Suíomh gréasáin: Centrale dienst voor in- en uitvoer (CDIU)

13.20. **An Ostair**

Federal Ministry of Economy, Energy and Tourism
Department for Export Controls
Stubenring 1 1010 Vienna
AN OSTAIR
Teil.: +43 1 71100802335
Facs +43 1 71100808366
Ríomhphost: exportkontrolle@bmwet.gv.at
Suíomh gréasáin: https://www.bmwet.gv.at/Themen/Exportkontrolle

13.21. **An Pholainn**

Ministry of Entrepreneurship and Technology
Department for Trade in Strategic Goods and Technical Safety
Pl. Trzech Krzyzy 3/5 00-507 Warszawa
AN PHOLAINN
Teil. +48 22 262 96 65
Facs +48 22 2629140
R-phost: SekretariatDOT@mpit.gov.pl
Suíomh gréasáin: https://www.gov.pl/web/przedsiebiorczosc-technologia/zezwolenia-na-obrot-produktami-podwojnego-zastosowania

13.22. **An Phortaingéil**

Autoridade Tributária e Aduaneira
Customs and Taxes Authority
Rua da Alfândega, 5, 1049-006 Lisboa
AN PHORTAINGÉIL
Director: Luísa Nobre; Licence Officer: Maria Oliveira
Teil. +351 218813843
Facs +351 218813986
Ríomhphost: dsl@at.gov.pt
Suíomh gréasáin: https://info-aduaneiro.portaldasfinancas.gov.pt/pt/licenciamento/bens_tecnologias_duplo_uso/Pages/bens-e-tecnologias-de-duplo-uso.aspx

13.23. **An Rómáin**

Ministry of Foreign Affairs
Department for Export Controls
ANCEX Str. Polonă nr. 8, sector 1, 010501, Bucureşti
AN RÓMÁIN
Teil. +40 374306905 +40 374306935 +40 374306950
Ríomhphost: dancex@mae.ro
Suíomh gréasáin: https://ancex.ro/athome-2/

13.24. **An tSlóivéin**

An Aireacht Gheilleagair, Turasóireachta agus Spóirt,
Kotnikova ulica 5,
SI-1000 Ljubljana
AN tSLÓIVÉIN
Teil. +386 14003564
Facs +386 14003588
R-phost: gp.mgts@gov.si
Suíomh gréasáin: https://www.gov.si/teme/nadzor-strateske-trgovine/

13.25. **An tSlóvaic**

Chun críocha Airteagal 9(6)(a) agus Airteagal 10(4) den Rialachán:

Ministry of Economy of the Slovak Republic
Department of Trade Measures
Mlynské nivy 44/a, 827 15 Bratislava 212
AN tSLÓVAIC
Teil. +421 248544059
Facs +421 243423915
Ríomhphost: Monika.Maruniakova@mhsr.sk
Suíomh gréasáin: www.economy.gov.sk

Chun críche Airteagal 9(6)(b) den Rialachán:

Criminal Office of the Financial Administration
Department of Drugs and Hazardous materials
Coordination Unit
Bajkalská 24, 824 97 Bratislava
AN tSLÓVAIC
Teil.: +421 2 58251221
R-phost: Jozef.Pullmann@financnasprava.sk

13.26. **An Fhionlainn**

Ministry for Foreign Affairs of Finland
Export Control Unit
Merikasarminkatu 5F
FI - 00160 HEILSINCÍ
Seoladh poist:
Bosca poist 176
FI-00023 RIALTAS
AN FHIONLAINN
Teil. +358 295 350 000
Ríomhphost: KPO-40@gov.fi
Suíomh gréasáin: https://um.fi/export-control

13.27. **An tSualainn**

1. Inspectorate of Strategic Products (ISP) Inspektionen för strategiska produkter

   Seoladh cuairte: Vretenvägen 13B, Solna, Seoladh poist: Box 6086, SE-171 06 Solna
   AN tSUALAINN
   Teil. +46 84063100
   Facs +46 84203100
   R-phost: registrator@isp.se
   Suíomh gréasáin: http://www.isp.se/

   Cumhachtaítear ISP chun údaruithe a dheonú i ngach cás seachas sna cásanna sin a liostaítear faoi 2 thíos

2. Swedish Radiation Safety Authority (Strålsäkerhetsmyndigheten) Section of Nuclear Non-proliferation and Security.

   Solna strandväg 96 SE-171 16 Stockholm
   AN tSUALAINN
   Teil. +46 87994000
   Facs +46 87994010
   R-phost: registrator@ssm.se
   Suíomh gréasáin: http://www.ssm.se

   Le hIarscríbhinn 1, Catagóir 0, a ghabhann leis an Rialachán, cumhachtaítear Údarás Sábháilteachta Radaíochta na Sualainne chun údaruithe maidir le hidirthuras táirgí a dheonú agus idirthuras na dtáirgí sin a thoirmeasc.

14. FAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR AG NA BALLSTÁIT A MHÉID A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 23(1)(B) DEN RIALACHÁN (PIONÓIS IS INFHEIDHME MÁ DHÉANTAR SÁRÚ AR FHORÁLACHA AN RIALACHÁIN NÓ AR FORÁLACHA A GHLACFAR LENA CHUR CHUN FEIDHME)

Le hAirteagal 23(1)(b), i gcomhar le hAirteagal 25(1) den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chun forfheidhmiú cuí an Rialacháin seo a áirithiú a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, go háirithe maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo nó ar na forálacha sin a ghlactar chun é a chur chun feidhme.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na bearta atá déanta ag na Ballstáit, mar a tugadh fógra don Choimisiún ina leith.

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
BE	— Acht an 11 Meán Fómhair 1962 maidir le hAllmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí agus na teicneolaíochta gaolmhaire — Airteagal 231 den Acht Ginearálta maidir le Custam agus Mál lena sainítear an t-údarás chun cinneadh agus ionchúiseamh	— Fíneáil suas le dhá oiread luach na n-earraí — Coigistiú na n-earraí ('Dearbhú go bhfuil na hearraí forghéillte')	— Téarma príosúnachta suas le 5 bliana
BG	— Dlí um rialú onnmhairí maidir le táirgí a bhaineann leis an gcosaint agus ítimí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide (Iris Stáit Uimh. 26/29.3.2011) — Cód Coiriúil	— Fíneáil suas le BGN 500.000 (thart ar EUR 250.000) (Airteagail 72, 73 agus 74 den Dlí)	— Téarma príosúnachta suas le 10 mbliana — Fíneáil suas le dhá chéad míle lev (thart ar EUR 100.000) (Airteagal 339b den Chód Coiriúil)

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
DK	— Dlí um Fhógairt uimh. 635 an 9 Meitheamh 2011. — Dlí um Fhógairt (Cód Coiriúil) uimh. 1156 an 20 Meán Fómhair 2018.	Ní bhaineann le hábhar	Sárú ar rialacha maidir le rialú onnmhairí: — Fíneáil (gan méid socraithe) — Téarma príosúnachta suas le 2 bhliain (§ 2 de dhlí uimh. 635 an 9 Meitheamh 2011). Sárú faoi imthosca géaraitheacha: Téarma príosúnachta suas le 6 bliana (§ 114 h den chód coiriúil).
DE	— An tAcht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (an 6 Meitheamh 2013) (Außenwirtschaftsgesetz) – déantar foráil maidir le pionóis riaracháin agus choiriúla i gcás sáruithe ar an dlí náisiúnta agus Eorpach maidir le rialú onnmhairí — Reacht maidir le Trádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí (Außenwirtschaftsverordnung) agus an tAcht um Chionta Riaracháin (Ordnungswidrigkeitengesetz) – comhlánaíonn siad an tAcht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí maidir le pionóis riaracháin (n.b.: d'fhéadfadh fiú an iarracht ar onnmhairiú neamhdhleathach/ bróicéireacht/cúnamh teicniúil a bheith ina sárú agus gabhann pionós leis).	Pionóis ar dhaoine aonair (faillí) — Fíneáil suas le EUR 500.000 (Mír 19 den Acht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí maidir le sáruithe ar mharbhóga na Náisiún Aontaithe/an Aontais, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta maidir le rialú onnmhairí) — Fíneáil suas le EUR 1.000.000 (Mír 130, 9 den Acht um Chionta Riaracháin, maidir le sáruithe ar oibleagáidí maoirseachta) Pionóis ar chuideachtaí (intinn nó faillí) — Fíneáil suas le EUR 40.000.000 as cionta coiriúla ar dhaoine ag a bhfuil post ceannaireachta (Mír 19 den Acht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí, Mír 30, 9 den Acht um Chionta Riaracháin) — Fíneáil suas le EUR 40.000.000 as cionta riaracháin ar dhaoine ag a bhfuil post ceannaireachta (Mír 19 den Acht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí, Mír 30, 9 den Acht um Chionta Riaracháin) Nuair is sárú ar fhoirmiúlachtaí atá sa sárú: — Srianta riaracháin (fíneálacha chomh maith le bearta éigeantacha eile) Tabhair faoi deara: is réamhriachtanas é iontaofacht an onnmhaireora chun ceadúnais a eisiúint de réir Mhír 8 den Acht um Thrádáil Eachtrach. Dá bhrí sin, cuirtear (iar)sháruithe ar fhoirmiúlachtaí san áireamh sa nós imeachta ceadúnúcháin, f.i. trí chuideachta a eisiamh ó nósanna imeachta éascaithe)	I gcás ina bhfuil an sárú bunaithe ar intinn: — Fíneáil nó téarma príosúnachta suas le 15 bliana (Mír 17, 18 den Acht um Thrádáil Eachtrach agus Íocaíochtaí maidir le sáruithe ar mharbhóga na Náisiún Aontaithe/an Aontais, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta maidir le rialú onnmhairí) I gcás ina bhfuil an sárú bunaithe ar mhórfhaillí: — Fíneáil nó téarma príosúnachta suas le 5 bliana (mír 17 maidir le sáruithe ar mhurlaigh de chuid NA/AE).

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
EE	— An tAcht um Earraí Straitéiseacha — An Cód Coiriúil	— Fíneáil suas le thart ar EUR 400 (sárú na hoibleagáide fógra a thabhairt ag an duine nádúrtha) — Fíneáil suas le thart ar EUR 640 (sárú na hoibleagáide fógra a thabhairt ag an duine dlítheanach)	— Fíneáil (gan teorainn), nó — Téarma príosúnachta suas le 20 bliana
IE	— An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008	— Ní bhaineann le hábhar	— Fíneáil suas le EUR 10.000.000 nó 3 oiread luach na n-earraí nó na teicneolaíochta lena mbaineann agus/nó — Téarma príosúnachta suas le 5 bliana
EL	— Cód Custaim — Dlí 2960/2001 — Dlí 4072/2012	— Fíneálacha as dearbhuithe custaim míchruinne — Coigistiú earraí agus modhanna iompair i gcás smuigleála, nó pionós airgeadais breise atá cothrom le luach CAL i gcás nach féidir coigistiú a dhéanamh — An fhéidearthacht úinéir nó faighteoir na n-earraí a dhéanamh freagrach as costais na n-imeachtaí dlíthiúla — Smachtbhannaí riaracháin arb é atá iontu toirmeasc ar fheidhmiú na gníomhaíochta ar feadh suas le bliain amháin, nó fíneáil riaracháin suas le EUR 100 000	— Príosúnacht ar feadh 6 mhí ar a laghad — Mura bhfuil aon luach suntasach ag baint leis an smuigleáil agus má tá sí beartaithe lena húsáid nó lena tomhailt ag an duine aonair, príosúnacht 1 mhí amháin ar a laghad Imthosca géaraitheacha: — Príosúnacht 2 bhliain ar a laghad i gcás 1) cion a dhéantar arís agus arís eile, 2) dochar a dhéanamh le hairm nó i ngrúpa, 3) dochar is mó ná EUR 30 000 de dhleachtanna, cánacha nó muirir, 4) úsáid a bhaint as deis speisialta — Príosúnacht 10 mbliana ar a laghad más mó an dochar ná EUR 150 000 de dhleachtanna, cánacha nó muirir
FR	— Cód Coiriúil (Airt. 411-6: eolas/earraí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna bunúsacha an náisiúin a sholáthar nó a chur ar fáil d'eintiteas eachtrach) — Cód Custaim (Airt. 38, 414, 428) — Cód Cosanta (Airt. L1333-9/13, Airt. L2339-14 go 18, Airt. L2341-1 go 6, L2342-3 go 81) Tugadh isteach na diúscairtí thuasluaite uile le Dlí Uimh. 2011-266 dar dáta an 14 Márta 2011 maidir leis an gcomhrac i gcoinne leathadh arm ollscriosta — Cód Cosanta (Cuid 2, Leabhar III, Teideal II 'Slándáil na gcóras faisnéise', Caibidil I – Airt. L2321-2-2 agus L2322-1)	— Fíneáil suas le EUR 225 000 — Fíneáil suas le trí oiread luach an earra — Coigistiú an earra — Fíneáil suas le EUR 7 500 000 — Fíneáil suas le EUR 150 000 — Coigistiú an earra	— Téarma príosúnachta suas le 15 bliana — Téarma príosúnachta suas le 5 bliana — Téarma príosúnachta suas le 30 bliana nó príosúnacht saoil — Dícháiliú ginearálta ar feadh tréimhse suas le 5 bliana — Téarma príosúnachta suas le 2 bliana

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
HR	— An tAcht um Rialú ítimí dé-úsáide (OJ 80/11, 68/13)	— Fíneáil 50,000 HRK ar a laghad (thart ar EUR 6,700) as na foirmiúlachtaí a shárú (Airteagail 22 agus 23) — Fíneáil suas le 500000,00 HRK (ca EUR 68 000) ar a mhéad as cionta eile (e.g. easpa ceadúnais nó easpa fógra)	— Téarma príosúnachta idir 6 mhí agus 5 bliana má tá leasanna beartais eachtraigh faoi bhagairt nó má sháraítear oibleagáidí agus smachtbhannaí idirnáisiúnta — Téarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad i gcás bás duine amháin nó níos mó nó damáiste ábhartha ar mhórscála (Airt. 24)
IT	— Foraithne Reachtach an 15 Nollaig 2017, uimh. 221 (Airt. 18) (n.b.: d'fhéadfadh fiú an iarracht ar onnmhairiú/bróicéireacht/cúnamh teicniúil neamhdhleathach a bheith ina sárú, sárú a bhféadfadh pionós a ghearradh ina leith)	Nuair is sárú ar fhoirmiúlachtaí riaracháin atá sa sárú bunaithe ar fhaillí: — Fíneáil ó EUR 15 000 go EUR 90 000.	I gcás ina bhfuil an sárú bunaithe ar intinn: — Fíneáil suas le EUR 250 000 agus/nó téarma príosúnachta suas le 6 bliana (e.g. as aon onnmhairiú nó idirthuras gan cheadúnas, dearbhú bréagach agus/nó doiciméadacht) — Urghabháil na n-earraí (nó earraí eile den luach céanna, atá i seilbh an onnmhaireora)
CY	— Na Rialacháin Chosanta (Earraí a Onnmhairiú) (1993) — Ordú Aire 312/2009	— Fíneáil suas le EUR 2 600 — Féadfaidh cúirt nó, i gcásanna áirithe, na húdaráis chustaim coigistiú earraí a ordú	— Téarma príosúnachta suas le 3 bliana
LV	— Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo (21 Meitheamh 2007) — Cód Sáruithe Riaracháin na Laitvia (1984) — An Dlí maidir le Custam (2 Meitheamh 2016) — An Dlí Coiriúil (17 Meitheamh 1998)	— Fíneáil suas le 750; ar dhaoine dlítheanacha ó EUR 280 suas go dtí EUR 7 100 — Féadfar coigistiú na n-earraí ábhartha a chur i bhfeidhm. (Míreanna 1791 agus 20110 Cód Sáruithe Riaracháin na Laitvia)	Má sáraíodh forálacha an Dlí maidir le Saorchúrsaíocht Earraí lena ngabhann Tábhacht Straitéiseach: — Téarma príosúnachta suas le 2 bhliain — Seirbhís pobail, cailliúint ceart chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara a dhéanamh (Mír 237 den Dlí Coiriúil) Má rinneadh earraí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a onnmhairiú nó a allmhairiú ar aon bhealach neamhdhleathach: — Téarma príosúnachta suas le 12 bhliain. — Cailliúint shealadach saoirse (suas le 3 mhí), — seirbhís pobail, — Fíneáil, bíodh coigistiú maoine i gceist nó ná bíodh. — Toirmeasc ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara a dhéanamh.

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
			— Toirmeasc ar fhostaíocht shonrach a dhéanamh nó an ceart dul i mbun oifig shonrach ar feadh tréimhse suas le 5 bliana (Para 1901 An Dlí Coiriúil).
LT	— An Cód um Chionta Riaracháin — An Cód Coiriúil (26 Meán Fómhair 2010)	Forchuirtear sáruithe ar na rialacha maidir le ceadúnú nó rialú onnmhairithe, allmhairithe, idirthurais agus bróicéireachta earraí straitéiseacha (Airteagal 141 den Chód um Chionta Riaracháin) — Fíneáil ó EUR 90 go EUR 170 i gcás daoine aonair — Fíneáil ó EUR 300 go EUR 560 i gcás ceannairí eintiteas dlítheanach nó eintiteas dlítheanach eachtrach agus fochuideachtaí d'eagraíochtaí eile.	I gcás ina mbaineann an sárú le smuigleáil earraí straitéiseacha: — Téarma príosúnachta ó 3 bliana go 10 mbliana (Airteagal 199(4) den Chód Coiriúil)
LU	— Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairí (arna leasú)	— Toirmeasc, teoranta do 6 mhí nó cinnte, ar ghníomhaíocht amháin nó níos mó a dhéanamh, fionraí ar feadh uastréimhse 6 mhí ó úsáid aon údaraithe nó fíneálacha suas le EUR 1250 in aghaidh an lae, ach nach mó ná EUR 25 000 san iomlán. (Airteagal 54 Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairí)	— Fíneálacha coiriúla ó EUR 251 go EUR 1 000 000, príosúnacht ó 8 lá go 10 mbliana nó ceann de na pionóis sin amháin (Airteagail 57-61 Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairí) (n.b.: Más gnóthachan suntasach airgeadais an toradh a bhíonn ar neamh-chomhlíonadh birt shriantaigh, féadfar an fhíneáil a mhéadú go dtí ceithre oiread an mhéid atá faoi réir an chiona. Airteagal 58 Dlí an 27 Meitheamh 2018 maidir le rialú onnmhairí)
HU	— Foraithne Rialtais Uimh. 13 de 2011 maidir le húdarú trádála eachtraí ítimí dé-úsáide (Mír 15 agus Mír 28) — Caibidil 31 den Chód Coiriúil	— Fíneáil ó EUR 400 go EUR 17,000 (sáruithe ar fhoirmiúlachtaí riaracháin) — Fíneáil ó EUR 1 700 go EUR 17 000 (sárú ar na coinníollacha a leagtar amach san údarú), nó suas ó EUR 17 000 go 34 000 i gcás imthosca géaraitheacha (sárú tromchúiseach ar oibleagáidí) Pionóis eile: ceadúnais a chúlghairm nó a mhodhnú, cearta an cheadúnaí a bhaint	— Téarma príosúnachta ó 1 bhliain go 5 bliana (sárú ar na coinníollacha a leagtar amach san údarú, nó onnmhairiú gan údarú) Téarma príosúnachta suas le 3 bliana (ullmhú an tsáraithe thuas)

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
NL	— An tAcht um Chionta Eacnamaíocha (1950)		I gcás ina bhfuil an sárú bunaithe ar intinn: — Fíneáil suas le EUR 1 100 000 nó — Téarma príosúnachta suas le 6 bliana, nó — Sannachán oibre — Pionóis bhreise e.g. toirmeasc sealadach nó buan ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara a dhéanamh, agus/nó coigistiú na n-earraí agus na mbrabús a gnóthaíodh leis an idirbheart neamhdhleathach.
AT	— An tAcht um Thrádáil Eachtrach 2011 — An tAcht maidir le Neamhleathadh Núicléach 2013 (SKG 2013) — Cód Coiriúil	Is cionta riaracháin iad roinnt sáruithe, i.e. sáruithe ar cheanglais tuairiscithe: — Fíneáil suas le EUR 25 000 (roinn 87 den Acht um Thrádáil Eachtrach) nó — EUR 40 000 (roinn 26 SKG le haghaidh earraí Chatagóir 0)	Is cionta coiriúla iad formhór na sáruithe: — fíneáil choiriúil nó téarma príosúnachta suas le 3 bliana i gcás intinne, i gcásanna cáilithe suas le 10 mbliana (ailt 79, 80, 82 den Acht um Thrádáil Eachtrach, alt 177b Cód Coiriúil le haghaidh earraí Chatagóir 0) — fíneáil choiriúil nó téarma príosúnachta suas le bliain amháin i gcás faillí, i gcásanna cáilithe suas le 2 bhliain (ranna 79, 80, 82 den Acht um Thrádáil Eachtrach, alt 177c Cód Coiriúil le haghaidh earraí Chatagóir 0)
PL	— Acht an 29 Samhain 2000 maidir le trádáil eachtrach in earraí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir le slándáil an Stáit agus maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil (téacs comhdhlúite an Achta arna leasú ón 21 Bealtaine 2019) — Cód Coiriúil	— Fíneáil suas le 200 000 PLN arna forchur ag an údarás rialaithe trádála le cinneadh riaracháin ábhartha (trádáil gan ceadúnas bailí) (Airteagal 37) — Fíneáil suas le PLN 100 000: 1. Gan dearbhú a chur faoi bhráid an údaráis faireacháin allmhairiúcháin maidir le hallmhairiú beartaithe nó aistriú beartaithe ítimí san Aontas a úsáidtear i dteileachumarsáid nó le haghaidh slándáil faisnéise (Airteagal 37a) 2. Trádáil atá contrártha do na coinníollacha a leagtar amach sa cheadúnas (Airt. 38) — Fíneáil suas le PLN 50 000 (sáruithe áirithe: i.e. sáruithe ar cheanglais tuairiscithe) (Airt. 39)	— Téarma príosúnachta idir 1 bhliain amháin agus 10 mbliana (trádáil gan ceadúnas ábhartha nó contrártha do choinníollacha a leagtar amach sa cheadúnas, fiú go neamhbheartaithe) (Airteagal 33.1) — Fíneáil, srian saoirse nó príosúnacht suas le 2 bhliain (má ghníomhaíonn an duine a dhéanann trádáil contrártha do na coinníollacha a leagtar amach sna gníomhartha ceadúnais gan intinn, agus má dhéanann an duine sin gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 31(1)) (Airteagal 33.2) — Coigistiú na n-earraí agus na mbrabús a gnóthaíodh leis an idirbheart neamhdhleathach

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
PT	— Dlí Foraithne Uimh. 130/2015, an 9 Iúil	— Fíneáil suas le EUR 15 000 i gcás duine príobháideach nó EUR 30 000 i gcás duine dlítheanach (laghdaítear méid na fíneála faoina leath i gcás faillí) — D'fhéadfadh pionóis choimhdeacha a bheith infheidhme e.g. úsáid ceadúnas a chur ar fionraí suas le 2 bhliain, ceadúnas domhanda a thoirmeasc ar feadh 2 bhliain.	— Téarma príosúnachta suas le 5 bliana i gcás daoine nádúrtha — Fíneáil suas le EUR 600 000 i gcás daoine dlítheanacha — D'fhéadfadh pionóis choimhdeacha a bheith infheidhme e.g. toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnais ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain, foilsiú na pianbhreithe deiridh lena gcáintear an t-onnmhaireoir ar a chostas féin
RO	— Reacht Rialtais uimh. 43 an 14.04/2022 maidir leis an gcóras rialaithe le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le hítimí dé-úsáide	— Fíneáil suas le EUR 6 000 as sárú ar fhoirmiúlachtaí	— Fíneáil nó téarma príosúnachta ó 1 bhliain amháin go 5 bliana as ítimí dé-úsáide a onnmhairiú/a ath-onnmhairiú/a aistriú/ bróicéireacht a dhéanamh orthu gan cheadúnas
SI	— Acht lena rialaítear rialú onnmhairí ítimí dé-úsáide (ZNIBDR) — An Cód Coiriúil — An tAcht um Dhliteanas Daoine Dlítheanacha i leith Cionta Coiriúla	— Fíneáil suas le EUR 125 000 agus fíneáil bhreise suas le EUR 4 100 i gcás duine dlítheanach agus EUR 1 200 i gcás duine príobháideach (ZNIBDR, Airteagal 13)	— Fíneáil suas le EUR 500 000; — Téarma príosúnachta suas le 5 bliana (Cód coiriúil – Airt. 307) — Urghabháil sócmhainní, nó — Eintiteas dlíthiúil a fhoirceannadh (An tAcht um Dhliteanas Daoine Dlítheanacha i leith Cionta Coiriúla – Airt. 25).
SK	— Dlí Uimh. 39/2011 maidir le hítimí dé-úsáide agus maidir leis an leasú ar an nGníomh ó Chomhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice Uimh. 145/1995 Coll. maidir le Táillí Riaracháin (arna leasú).	— Fíneáil suas le EUR 30 000 (Cionta faoi Roinn 32) — Fíneáil suas le EUR 650,000 (Cionta riaracháin eile faoi Roinn 33).	
FI	— An Cód Coiriúil		I gcás ina bhfuil an sárú bunaithe ar intinn: — Fíneáil suas le EUR 850,000 i gcás daoine dlítheanacha — Téarma príosúnachta suas le 4 bliana (Caibidil 46, míreanna 1-3) Nuair atá an sárú bunaithe ar fhaillí (níl sé infheidhme ach amháin nuair a sháraíonn sé Airteagal 4.4 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009): — Fíneáil (gan uasmhéid) Téarma príosúnachta suas le 6 mhí (Caibidil 46, mír 12)

An Ballstát	Reachtaíocht ábhartha	Pionóis riaracháin	Pionóis choiriúla
SE	— An tAcht um Rialú Ítimí Dé-Úsáide agus Cúnaimh Theicniúil (2000:1064), Airteagail 18-23 — Cód coiriúil (1962:700), Caibidil 36, Airteagail 2-22	— N.A. (Ní ghearrtar pionós ar sháruithe ar rialú onnmhairiúcháin a bhaineann le hítimí dé-úsáide agus cúnamh teicniúil ach amháin le pionóis choiriúla).	— Fíneáil suas le 150 000 SEK, nó — Téarma príosúnachta suas le 6 bliana — Ina theannta sin, is féidir maoin (amhail earraí agus airgead) a bhaineann le coir a dhéanamh a fhorghéilleadh.